16 And charged them that they should not make him known:

17 That it might be fulfilled which was spoken by Esaias the prophet, saying,

18 Behold my servant, whom I have chosen; my beloved, in whom my soul is well pleased: I will put my spirit upon him, and he shall shew judgment to the Gentiles.

19 He shall not strive, nor cry; neither shall any man hear his voice in the streets.

20 A bruised reed shall he not break, and smoking flax shall he not quench, till he send forth judgment unto victory.

21 And in his name shall the Gentiles trust.

22 Then was brought unto him one possessed with a devil, blind, and dumb: and he healed him, insomuch that the blind and dumb both spake and saw.

23 And all the people were amazed, and said, Is not this the son of David?

24 But when the Pharisees heard *it*, they said, This *fellow* doth not cast out devils, but by Beelzebub the prince of the devils.

deamhain amach, achd tré Bheilseub prionnsa na ndeamhan.

25 Achd an tan do aithin Iósa a smúaintighthe, a dubhairt sé riu, *Gach ríoghachd atá roinnte na haghaidh féin bíaidh sí na fásach; agus gach uile chathair nó teagh a tá roinnte na aghaidh féin ní sheasfuidh sé:*

26 Agus ma theilgeann Satan, Santan a mach, a tá sé roinnte na aghaidh féin; ar a nadhbharsin cionnus anfus a ríoghachd na seasamh?

27 Agus mas le cumhachdaibh Bheilseub theilgimsi a mach na deamhain, cía lé a dteilgid bhur gclannsa a mach *úid?* air a nadhbharsin béid siadsan na mbreitheamhuin oraibhse.

28 Achd más lé Spioruid Dé theilgimsi a mach na deamhain, tháinic ríoghachd Dé chugaibhsi go *deimhin*.

29 No cionnas is éidir lé héinneach dul go tigh dhuine láidir, agus a airnéis tighe dfúadach leis, muna gceangluidh sé ar tús an duine láidir? agus ann sin sladfuidhe sé a thigh.

30 Giodh bé nach bhfuil leamsa a tá sé a maghaidh; agus giodh bé nach ccruinnigheann leamsa scabuighe sé.

31 Air a nadhbharsin a deirim ribh, Go maithfidhthear gach peacadh agus gach blaspheíme do na dáoinibh: gidheadh ní maithfidhthear do na dáoinibh, blaspheíme a *naghaidh* an Spiorad *Naóimh*.

32 Agus giodh bé neach a déaraidh focal a naghaidh Mhic an duine, maithfidhthear dhó é: achd giodh bé neach laibhéoras a naghaidh an Spiorad *Naóimh*, ní maithfidhthear dhó é, ann sa tsáoghalso, ná ann sa *tsáoghal* a tá a teachd.

33 Ceachdar do dha ní, déanaidh an crann maith, agus a thoradh maith; no déanaidh an crann lobhtha, agus a thoradh lobhtha: óir is as a thoradh aithéantar an crann.

34 An shliochd na naithreach neimhe, cionnas is éidir libh neithe maithe do labhairt, ó a tá sibh féin go holc? óir is as anlán an chroidhe labhrus an béul.

35 Do bheir an duine maith neithe maithe as cisce maith a chroidhe: agus do bheir an drochdhuine droichneithe as a dhroichchisde.

36 Achd a deirim ribh, Go dtiobhraid na dáoine cúntas úatha lá an bhreitheamhnus, ar son gach aóinbhreithre díomhaóinighe dá laibhéoraid síad.

25 And Jesus knew their thoughts, and said unto them, *Every kingdom divided against itself is brought to desolation; and every city or house divided against itself shall not stand:*

26 And if Satan cast out Satan, he is divided against himself; how shall then his kingdom stand?

27 And if I by Beelzebub cast out devils, by whom do your children cast *them* out? therefore they shall be your judges.

28 But if I cast out devils by the Spirit of God, then the kingdom of God is come unto you.

29 Or else how can one enter into a strong man's house, and spoil his goods, except he first bind the strong man? and then he will spoil his house.

30 He that is not with me is against me; and he that gathereth not with me scattereth abroad.

31 Wherefore I say unto you, All manner of sin and blasphemy shall be forgiven unto men: but the blasphemy *against* the *Holy* Ghost shall not be forgiven unto men.

32 And whosoever speaketh a word against the Son of man, it shall be forgiven him: but whosoever speaketh against the Holy Ghost, it shall not be forgiven him, neither in this world, neither in the *world* to come.

33 Either make the tree good, and his fruit good; or else make the tree corrupt, and his fruit corrupt: for the tree is known by *his* fruit.

34 O generation of vipers, how can ye, being evil, speak good things? for out of the abundance of the heart the mouth speaketh.

35 A good man out of the good treasure of the heart bringeth forth good things: and an evil man out of the evil treasure bringeth forth evil things.

36 But I say unto you, That every idle word that men shall speak, they shall give account thereof in the day of judgment.

37 Óir is as do bhríathruibh sháorfuidhthear thú, agus is as do bhríathruibh daiméontar thú.

38 Ann sin do fhreagradar dream do na sgríobuidhibh agus do na Phairisíneachaibh, ag rádh, A Mhaighisdir, is mían linn comharta dfaicsin úait.

39 Achd ar bhreagra dhósan, a dúbhairt sé ríu, Iarruidh an geinealach olc agus adhaltrannach comhartha; agus ní tiobharthar comhartha dhóibh, achd an comhartha úd Iónas an fhaidh:

40 Óir mar do bhí Ionás a mbroinn an mhíl mhóir trí lá agus trí oidhche: is mar sin bhías Mac an duine a gcroidhe na talmhan trí lá agus trí oidhche.

41 Eiréochaidh luchd Ninebheh a mbréitheamhnus leis an ngeinealachso, agus daimneochaid síad é: óir do rinneadarsan aithrigh ag seanmoir Iónas; agus, féuch, a tá *neach* is mó ná Iónas ann so.

42 Éireochuidh bainríoghan an táoibhe budh dheas a mbreitheamhnus leis an ngeinealachso, agus daimnéochuidh sí é: óir thainic sí ó leithimealuibh na talmhan déisdeachd re heagna Sholaimh; agus, féuch, a tá *neach* as mó ná Solamh ann so.

43 Tar éis dul don spioraid neamhghlain as an duine amach, síobhluidh se thrí ionadaibh tíorma, ag iarraidh suáimhnis, agus ní fhaghann é.

44 A deir sé an tansin, Fillfidh mé dom thigh, as a ttainic mé; agus tar éis teachda dhó, do gheibh sé folumh, sgúabtha, deaghmhaiseach é.

45 Imthighidh sé an tansin, agus do bheir sé seachd spioraide eile is measa ná é féin leis, agus ar ndul a sdeach áittrighid síad ann sin: agus is measa *críoch* dheigheanach an duine úd ná a thosach. Agus is mar sin teigeamhas don droichgheinealachso.

46 Agus ar mbeith dhó fós ag labhairt ris an bpubal, féuch, do sheasadar a mhathair, agus a dhearbhraithreacha a muigh, ag iarraidh labhartha ris.

47 Agus a dubhairt neach eigin ris, Féuch, a tá do mhathair agus do dhearbhraithreacha na seasamh a muigh, ag iarraidh labhartha riot.

48 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris an té do innis so dhó, *Cía hí mo mhathair? agus cía hiad mo dhearbhraithreacha?*

49 Agus síneadh a láimhe chum a deisciobal dó, á dubhairt sé, *Féuch mo mhathairsi agus mo dhearbhraithreacha!*

37 For by thy words thou shalt be justified, and by thy words thou shalt be condemned.

38 Then certain of the scribes and of the Pharisees answered, saying, Master, we would see a sign from thee.

39 But he answered and said unto them, *An evil and adulterous generation seeketh after a sign; and there shall no sign be given to it, but the sign of the prophet Jonas:*

40 For as Jonas was three days and three nights in the whale's belly; so shall the Son of man be three days and three nights in the heart of the earth.

41 The men of Nineveh shall rise in judgment with this generation, and shall condemn it: because they repented at the preaching of Jonas; and, behold, a greater than Jonas is here.

42 The queen of the south shall rise up in the judgment with this generation, and shall condemn it: for she came from the uttermost parts of the earth to hear the wisdom of Solomon; and, behold, a greater than Solomon is here.

43 When the unclean spirit is gone out of a man, he walketh through dry places, seeking rest, and findeth none.

44 Then he saith, I will return into my house from whence I came out; and when he is come, he findeth *it* empty, swept, and garnished.

45 Then goeth he, and taketh with himself seven other spirits more wicked than himself, and they enter in and dwell there: and the last *state* of that man is worse than the first. Even so shall it be also unto this wicked generation.

46 While he yet talked to the people, behold, *his* mother and his brethren stood without, desiring to speak with him.

47 Then one said unto him, Behold, thy mother and thy brethren stand without, desiring to speak with thee.

48 But he answered and said unto him that told him, *Who is my mother? and who are my brethren?*

49 And he stretched forth his hand toward his disciples, and said, *Behold my mother and my brethren!*

50 Oír gíodh be neach do dhéanaidh toil Matharsa a tá air neamh, a sé so mo dhearbhrathairsi, agus mo dheirbhshíur, agus mo mhathair.

Caibidil 13

Seanmóir um an tsioladóir, 18 ar na foillsiughadh; 53 agus Iósa fa neimhchion, amháin ag muinntir a thír féin.

1 Agus ar nimtheachd Díosa a mach as an detach an lásaín, do shuigh sé láimh ris an bhfairge.

2 Agus do chruinnigheadar slúaighte móra chuige, ionnas ar ndul a sdeach a luing, gor shuidh sé; agus do sheas an slúagh uile ar an dtráigh.

3 Agus do labhair sé mórán ríu a gcosamhlachduibh, ag rádh, Féuch, do chuáidh síoladóir a mach do chur síl;

4 Agus ag cur an tsíl dó, do thuit cuid dhe chois na sligheadh, agus tangadar na héanlaith, agus a dúadar é:

5 Agus do thuit cuid eile dhe a bhfearan chlochach, mar nach raibh mórán úire aige: agus do fhás sé go lúath, do bhrígh nach bhfúair sé doimhneachd na talmhan:

6 Agus ar néirghe don ghréin, do dóidheadh é; agus ar son nach raibh fréumh aige, do shearg sé.

7 Agus do thuit cuid eile dhe eidir mhuineach; agus do éirghe an muineach súas, agus do mhuch sé é:

8 Agus do thuit cuid eile dhe a dtalamh mhaith, agus tug sé toradh, cuid céuduiread, cuid trí fichid uiread, cuid a deich fichead uiread.

9 Gídh bé agá bhfuillid clúasa chum éisdeachda, éisdeagh sé.

10 Agus tangadar a dheisciobuil chuige, agus a dubhradar ris, Créd fa labhrann tú ríu a gcosamhlachduibh?

11 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ríu, Do bhrígh gur ab daóibhsi tugadh fios rúindíomhra na ríoghachda neamhdha, do bheith agaibh, agus níor tugadh dhóibhsean é.

12 Oír gíodh bé neach agá bhfuil ní, is dó do bhéarthar, agus bíaidh go léor aige: achd gíodh bé neach a tá gan ní, toigéabhthar úadh fós an ní a tá aige.

13 Air a nadhbharsin labhram ríu a gcosamhlachdaibh: oír gíodh a tá radharc aca ní fhaicid síad; agus gíodh a tá éisdeachd aca ní chluinid síad, agus ní thuigid síad.

50 For whosoever shall do the will of my Father which is in heaven, the same is my brother, and sister, and mother.

Chapter 13

1 The same day went Jesus out of the house, and sat by the sea side.

2 And great multitudes were gathered together unto him, so that he went into a ship, and sat; and the whole multitude stood on the shore.

3 And he spake many things unto them in parables, saying, Behold, a sower went forth to sow;

4 And when he sowed, some seeds fell by the way side, and the fowls came and devoured them up:

5 Some fell upon stony places, where they had not much earth: and forthwith they sprung up, because they had no deepness of earth:

6 And when the sun was up, they were scorched; and because they had no root, they withered away.

7 And some fell among thorns; and the thorns sprung up, and choked them:

8 But other fell into good ground, and brought forth fruit, some an hundredfold, some sixtyfold, some thirtyfold.

9 Who hath ears to hear, let him hear.

10 And the disciples came, and said unto him, Why speakest thou unto them in parables?

11 He answered and said unto them, Because it is given unto you to know the mysteries of the kingdom of heaven, but to them it is not given.

12 For whosoever hath, to him shall be given, and he shall have more abundance: but whosoever hath not, from him shall be taken away even that he hath.

13 Therefore speak I to them in parables: because they seeing see not; and hearing they hear not, neither do they understand.

14 Agus cóimhlíontar ionnta fáigheadóireachd Esaiás, a deír, Le héisdeachd do chluinfidhe, agus ní thuigfidhe; agus ag amharc do chífidhe, agus ní budh léir dhaóibh:

15 Oír a tá croidhe an phubuilsí ar na reamhrughadh, agus do chúaladar go bodhar lé na gclúasaibh, agus do chaochadar a súile; deagla go bhfaicfidis lé na súilibh, agus go gcluinfidís lé na gclúasaibh, agus go dtuigfidís le na gcroidhe, agus go bhillfidís, agus go leighéosainnse iad.

16 Achd as beannaighthe bhur súilesí, do bhrígh go bhfaicid síad: agus bhur gclúasa, do bhrígh go gcluínid síad.

17 Oír a deirimsí ribh go fírinneach, Gur ab iomdha faidhe agus fíreanuigh lé ar mhían na neithesí do chithisí dfaicsín, agus ní fhacadar; agus na neithe do chluintí do chloisdín agus ní chúaladar.

18 Air a nadhbharsín éisdigh ré cosamhlachd an tsíoladóra.

19 Coimhmionca agus éisdeas duine bríathar na ríoghachda, agus nach dtuigeann sé é, tig an droichspiorad, agus fúaduighe se an ní do cuireadh ann a chroidhe. Ag so an duine úd ann ar cuireadh an síol chois na slíghtheadh.

20 Agus an té úd ann ar cuireadh an síol a bhfearann chlochach, a sé sud an té do chluin an bhríathar, agus ghabhas chuige é do láthair maille re gáirdeachas;

21 Achd ní bhfuil fréamh aige ann féin, achd fanuidh sé ar feadh tamaill: agus an tan thig trioblóid nó búaidhreadh ar son na bréithre, air ball do gheibh sé oilbhéim.

22 Agus an neach úd ann ar cuireadh an síol a measg an mhuinigh ag so an té do chluin an bhríathar; agus múchaidh róchúram an tsaoghailsí, agus mealltóireachd an tsaidhbhris an bhríathar, agus bí sé gan toradh.

23 Agus an té úd ann ar cuireadh an síol a bhfearann maith a sé so an té do chluin, agus thuigeas an bhríathar; agus iomchras toradh, agus do bheir, cuid céud uiread, cuid trí fichid, agus cuid eile a deich fichead.

24 Do chuir sé cosamhlachd eile chuca, ag rádh, Is cosmhail ríoghachd neimhe ré duine do chur síol maith ann a fhearann:

25 Agus an tan do bhádar dáoine na gcodladh, tháinic a námhaid agus do chuir sé cogal thríd an gcruithneachd, agus do imthigh sé roimhe.

26 Agus an tan do fhás an geamhar, agus tug sé a thoradh, ann sin do fhoillsigh an cogal é féin.

14 And in them is fulfilled the prophecy of Esaias, which saith, By hearing ye shall hear, and shall not understand; and seeing ye shall see, and shall not perceive:

15 For this people's heart is waxed gross, and *their* ears are dull of hearing, and their eyes they have closed; lest at any time they should see with *their* eyes, and hear with *their* ears, and should understand with *their* heart, and should be converted, and I should heal them.

16 But blessed *are* your eyes, for they see: and your ears, for they hear.

17 For verily I say unto you, That many prophets and righteous *men* have desired to see *those things* which ye see, and have not seen *them*; and to hear *those things* which ye hear, and have not heard *them*.

18 Hear ye therefore the parable of the sower.

19 When any one heareth the word of the kingdom, and understandeth *it* not, then cometh the wicked *one*, and catcheth away that which was sown in his heart. This is he which received seed by the way side.

20 But he that received the seed into stony places, the same is he that heareth the word, and anon with joy receiveth it;

21 Yet hath he not root in himself, but dureth for a while: for when tribulation or persecution ariseth because of the word, by and by he is offended.

22 He also that received seed among the thorns is he that heareth the word; and the care of this world, and the deceitfulness of riches, choke the word, and he becometh unfruitful.

23 But he that received seed into the good ground is he that heareth the word, and understandeth *it*; which also beareth fruit, and bringeth forth, some an hundredfold, some sixty, some thirty.

24 Another parable put he forth unto them, saying, The kingdom of heaven is likened unto a man which sowed good seed in his field:

25 But while men slept, his enemy came and sowed tares among the wheat, and went his way.

26 But when the blade was sprung up, and brought forth fruit, then appeared the tares also.

27 Achd ar dteachd do shearbhfhógantaóibh fhir an tige, a dubhradar ris, A thighearna, a né nach síol maith do chuir tú ann tfearrann? air a nadhbharsin cáit as a bhfaghann sé an cogal?

28 Agus a dubhairt seision ríu, Easgcará éigin do rinne so. Agus a dubhradar na searbhfhoghantuidhe ris, A náill leachd air a nadhbharsin go ndeachmáoisne agus go gcruinneochamaois a bhfochair a chéile iad?

29 Agus a dubhairt seisean ríu, Ní háill; air eagla ag cruinneaghadh an chogail daóibh, go mbeanfadh sibh an chruithneachd as a fréumhaibh a naóinfheachd ris.

30 Fuilngidh dhóibh aráon fás no go dtí an fóghmhar: agus a naimsir a nfóghmhair déara misi rém luchd búana, Cruinnighidh ar tús an cogal, agus ceangluidh é na phunnannaibh do chum a loisgthe, agus cruinnighidh an chruithneachd dom sgioból.

31 Do chuir sé cosamhlachd eile chuca, ag rádh, Is cosmhuil ríoghachd neimhe ré gráinne síol musdaird, do ghabh neach *chuige*, agus do chuir sé ann a fhearann:

32 A sé go deimhin as lúgha do na huile shíoltuibh: gidheadh an tan fhásas sé, a sé is mó do na luibheannaibh, agus do nithear crann de, ionnas go ttigid éanlaith a naiéir agus go ndéanaid a nid ann a ghéagaibh.

33 Do labhair sé cosamhlachd eile ríu; as cosmhuil ríoghachd neimhe ré laibhín do ghlac bean, agus do fholáigh sí a dtrí pheice mine, nó gur ghabh an tiomlán laibhín.

34 Do labhair Iósa na neithesi uile ris an bpubal a gcosamhlachdaibh; agus níor labhair sé ríu achd a gcosamhlachdaibh:

35 Do chum go gcoimhlíonfuidhthe an ní a dubhradh leis an bhfáidh, a deir, Oisgéoluidh mé mo bhéul tré chosamhlachdaibh; nochdfuidh me neithe a tá foluighthe ó thosach an domhain.

36 Air léigean an tsluáigh úadh an tansin, tháinic Iósa a sdeach a dtigh: agus tangadar a dheisciobail chuige, ag rádh, Mínigh dhúinne cosamhlachd chogail an fhearainn.

37 Agus air bhreagra dhósan a dubhairt sé ríu, An té chuireas an síol maith a sé Mac an duine é;

38 Agus a sé an fearann an domhan; agus a sé an síol maith, clan na ríoghachda; agus a sé an cogal clann an droichspioraid;

39 Agus an námhaid do chuir é a sé an díabhal é; agus a sé an fóghmhar deireadh an tsáoghail; agus a síad na búanuidhe na haingil.

27 So the servants of the householder came and said unto him, Sir, didst not thou sow good seed in thy field? from whence then hath it tares?

28 He said unto them, An enemy hath done this. The servants said unto him, Wilt thou then that we go and gather them up?

29 But he said, Nay; lest while ye gather up the tares, ye root up also the wheat with them.

30 Let both grow together until the harvest: and in the time of harvest I will say to the reapers, Gather ye together first the tares, and bind them in bundles to burn them: but gather the wheat into my barn.

31 Another parable put he forth unto them, saying, The kingdom of heaven is like to a grain of mustard seed, which a man took, and sowed in his field:

32 Which indeed is the least of all seeds: but when it is grown, it is the greatest among herbs, and becometh a tree, so that the birds of the air come and lodge in the branches thereof.

33 Another parable spake he unto them; The kingdom of heaven is like unto leaven, which a woman took, and hid in three measures of meal, till the whole was leavened.

34 All these things spake Jesus unto the multitude in parables; and without a parable spake he not unto them:

35 That it might be fulfilled which was spoken by the prophet, saying, I will open my mouth in parables; I will utter things which have been kept secret from the foundation of the world.

36 Then Jesus sent the multitude away, and went into the house: and his disciples came unto him, saying, Declare unto us the parable of the tares of the field.

37 He answered and said unto them, **He that soweth the good seed is the Son of man;**

38 The field is the world; the good seed are the children of the kingdom; but the tares are the children of the wicked *one*;

39 The enemy that sowed them is the devil; the harvest is the end of the world; and the reapers are the angels.

40 Agus amhail mar chruinnighthear an cogal, agus loisgtheas é lé teinidhe; is mar sin bhías a ndeireadh an tsoaghailsi.

41 Cuirfidh Mac an duine a aingil féin, agus cruinneochuid síad as a ríoghachd gach uile scannail, agus an dream do ní éagcóir;

42 Agus teilgfidh íad a núamhain air dearglasadh: mar a mbíá gul agus gíosgán fiácal.

43 Soillséochaid na fíreanaigh an tansin mar an ngréin a ríochachd a Nathar féin. Gíodh bé agá bhfuilid clúasa chum eisdeachda, éisdeagh sé.

44 Mar an gcéudna, is cosmhail ríoghachd neimhe lé císde ar na fholach a bhfearann; noch tar éis a faghála, do fholuigh duine, agus tríd an ngáirdeachus do bhí air ar a shon imthighidh sé agus reacaídh sé a bhfuil aige uile, agus ceannuidhe sé an fearansin.

45 A rís, is cosmhail ríoghachd neimhe le ceannuighe áirighthe, iárras clocha úaisle:

46 Agus ar bhfagháil áonneamh mhórlúaiaghe dhó, do imthigh sé agus do reac se a raibh aige uile, agus do cheannaigh se í.

47 A ris, is cosmhail ríoghachd neimhe ré líon, ar na theilgean ann sa bhfairge, agus chruinnigheas da gach uile shórt éisg:

48 Noch, an tan do líonadh, do thairrngeadar na hiasgairighe chum na trágha, agus ar suidhe dhóibh, do chruinnigheadar nu héisg mhaithe a soithighibh, achd do theilgeadar na droichéisg amach.

49 Is mar sin bhías a ndeireadh an tsáoghail: rachaid na haingil a mach, agus dealóchuid na drochdháoine as lár na bhfíreanach,

50 Agus teilgfidh íad a núamháin théineadh: mar a mbíá gul agus gíosgán fiácal.

51 A deir Iósa ríu, Nar thuigeabháir na neithese uile? A deiridhsion ris, Do thuigeamar, a Thighearna.

52 Agus a dubhairt seisean ríu, Ar a nadhbharsin gach uile sgrioba atá foghlomtha chum ná ríochachda neamhdha is cosmháil é ré fear tighe, do bheir as a chísde neithe núadha agus sean.

53 Agus an tan do chríochnáigh Iósa na cosamhlachdasa, tárla dhó, gur fhág sé a náitsin.

54 Agus an tan tháinic sé dá dhuthuidh féin, do theagaisg sé íad ann a sionagóig, ionnas gur ghabh iongnadh mór íad, agus go ndubhradar, Cáit a bhfuair an fearso a neagnaso, agus ná subháilce?

55 A né nach é so mac an tsáoir? a ne nach dá mhathair ghoirthear Múire? a né nach íad a

40 As therefore the tares are gathered and burned in the fire; so shall it be in the end of this world.

41 The Son of man shall send forth his angels, and they shall gather out of his kingdom all things that offend, and them which do iniquity;

42 And shall cast them into a furnace of fire: there shall be wailing and gnashing of teeth.

43 Then shall the righteous shine forth as the sun in the kingdom of their Father. Who hath ears to hear, let him hear.

44 Again, the kingdom of heaven is like unto treasure hid in a field; the which when a man hath found, he hideth, and for joy thereof goeth and selleth all that he hath, and buyeth that field.

45 Again, the kingdom of heaven is like unto a merchant man, seeking goodly pearls:

46 Who, when he had found one pearl of great price, went and sold all that he had, and bought it.

47 Again, the kingdom of heaven is like unto a net, that was cast into the sea, and gathered of every kind:

48 Which, when it was full, they drew to shore, and sat down, and gathered the good into vessels, but cast the bad away.

49 So shall it be at the end of the world: the angels shall come forth, and sever the wicked from among the just,

50 And shall cast them into the furnace of fire: there shall be wailing and gnashing of teeth.

51 Jesus saith unto them, Have ye understood all these things? They say unto him, Yea, Lord.

52 Then said he unto them, Therefore every scribe which is instructed unto the kingdom of heaven is like unto a man that is an householder, which bringeth forth out of his treasure things new and old.

53 And it came to pass, that when Jesus had finished these parables, he departed thence.

54 And when he was come into his own country, he taught them in their synagogue, insomuch that they were astonished, and said, Whence hath this man this wisdom, and these mighty works?

55 Is not this the carpenter's son? is not his mother called Mary? and his brethren, James,

dhearbhraithreacha, Seúmas, agus Ióses, agus Simon, agus Iúdas?

56 Agus a né nach bhfuilid a dheirbhsheathracha uile éadruinne? Air a nadhbharsin cáit ann a bhfúair sé iad so uile?

57 Agus fúarardar óilbhéim annsan. Achd a dubhairt Iósa ríu, **Ní bhfuil faidh fá neimhchion, achd ann a dhuthaidh féin, agus ann a thigh féin.**

58 Agus ní dhearnuidh sé mórán miorbhuileadh ann sin air son a míchreidimh.

Caibidil 14

Baramhail Iorúaithe ar Iósa, 3 dicheannadh Eoin Bhaisde arson a chearttheagasc, 15 agus tuille miorbhuite Chríost.

1 Fa a námsin do chúlaidh Iorúaithe an Téatarca clú Iósa,

2 Agus a dúbhairt sé ré na shearbhfhóghantuidhibh, A sé so Eóin Baisde; déirigh sé ó mharbhaibh; agus is dá bhrígh sin a táid subháilcighe ag oibreaghadh ann.

3 Oír do ghlac Iorúaithe Eóin, agus do cheangáil sé é, agus do théilg sé a bpríosún é ar son Heródias, mna Philip a dhearbráthar féin.

4 Oír a dubhair Eóin ris. Ní dlightheach dhúit a beith agad.

5 Agus an tan do budh mhían leis a chur chum báis, do bhí eagla an phubal air, óir do bhí meas fáidhe aca air *Eóin*.

6 Agus an tan do bhí sóllamain an láoi ann a rughaidh Iorúaithe dá dhéanamh, do rinne ínghean Heródias damhsa na fhíadhnuisi, agus do thaitin sí ré Hiorúaithe:

7 Ionnas gur gheall sé maille lé mionaíbh go dtiobhradh sé dhí gíodh be ar bhith ní do íarrfadh sí.

8 Agus air bhfagháil teagaísg ó ná mathair dhisi, a dubhairt sí, Tabhair dhamh ann so ceann Eóin Baisde air mhéis.

9 Agus do ghabh doilgheas an rí: achd ar son a mhionna, agus ná muinntire do bhí na suidhe ná chuibhreann, do áithin sé a thabhairt *di*.

10 Agus ar gcur *fhir dícheanta* úadh, do bhean sé a cheann Déoin ann sa phríosún.

11 Agus tugadh a cheann air mheis, agus tugadh do chailín é: agus tug sisi dá mathair é.

12 Agus tangadar a dheisciobáil *an tansin*, agus rugadar a chorp léo, agus do adhlacadar é, agus tangadar agus do inniseadar *sin* Díosa.

and Joses, and Simon, and Judas?

56 And his sisters, are they not all with us? Whence then hath this *man* all these things?

57 And they were offended in him. But Jesus said unto them, **A prophet is not without honour, save in his own country, and in his own house.**

58 And he did not many mighty works there because of their unbelief.

Chapter 14

1 At that time Herod the tetrarch heard of the fame of Jesus,

2 And said unto his servants, This is John the Baptist; he is risen from the dead; and therefore mighty works do shew forth themselves in him.

3 For Herod had laid hold on John, and bound him, and put *him* in prison for Herodias' sake, his brother Philip's wife.

4 For John said unto him, It is not lawful for thee to have her.

5 And when he would have put him to death, he feared the multitude, because they counted him as a prophet.

6 But when Herod's birthday was kept, the daughter of Herodias danced before them, and pleased Herod.

7 Whereupon he promised with an oath to give her whatsoever she would ask.

8 And she, being before instructed of her mother, said, Give me here John Baptist's head in a charger.

9 And the king was sorry: nevertheless for the oath's sake, and them which sat with him at meat, he commanded *it* to be given *her*.

10 And he sent, and beheaded John in the prison.

11 And his head was brought in a charger, and given to the damsel: and she brought *it* to her mother.

12 And his disciples came, and took up the body, and buried it, and went and told Jesus.

13 Agus an tan do chúlaídh Iósa so, do chúaidh sé as sin a luing a nionad fhásamhail air leith: agus an tan do chúalaidh an pubal *sin*, do leanadar dá gcois é ó na caithreachaibh.

14 Agus ar ndul a mach Diosa, do chonnairc sé coimhthionól mór, agus do gabh trúaighe mhór dhóibh é, agus do shlánaigh sé na daoine easlána.

15 Agus an tan tháinic deireadh an láoi, tangadar a dheisciobuil chuige, ag rádh, Ait fhásamhail so, agus do chuáidh a naimsear thearainn *cheana*; léig úait an slúagh, do chum go niméochaidís do na bailtibh, agus go gceannochaidís bíadh dhóibh féin.

16 Achd a dubhairt Iósa ríu, **Ní righid síad a leas imtheachd; tabhruidhsí dhóibh ní lé na ithe.**

17 Agus a dubhradarsan ris, Ní bhfuil againn ann so achd cúig aráin, agus dá íasg.

18 Achd a dubhairt seisean ríu, **Tabhraidh chugamsa íad ann so.**

19 Agus ar na áithne don phubal suidhe air an bhféur, agus ar nglacadh ná gcúig narán, agus an dá íasg, ag féachain súas air neamh, do bheannaigh sé, agus ar ná mbriseadh, tug sé ná harain do ná deiscioblaibh, agus *tugadar* ná deisciobail don tslúagh *íad*.

20 Agus a dithadar uile ní, agus do sásuigheadh íad: agus do thogbhadar lán dhá chlíabhdhéag don bhíadh bhrisde do bhí dfoigheall aca.

21 Agus an mhuintir do bhí ag ithe do bhádár a dtimcheall chúig mhíle fear, leith a muigh do mhnáibh agus do leanbaibh.

22 Agus air ball do chuir Iósa dfhiachaibh ar a dheiscioblúibh dul a luing, agus dul roimhe *féin* don táoibh oile, no go léigeadh sé an pubal úadh.

23 Agus an tan do léig sé an pubal úadh, do chúaidh sé súas air shlíabh ná áonar do dhéanamh urnuighthe: agus an tan do bhí deireadh an láoi ann, do bhí se an sin ná áonar.

24 Agus do bhí an long fá a námsin a meadhón ná fairge, dá tteilgean a nunn agus a nall ag na tonnaibh: óir do bhí an gháoth na naghaidh.

25 Agus a gcionn an ceathramhadh faire do noidhche do chúaidh Iósa na nionnsaid, ag siobhal air an bhfairge.

26 Agus an tan do chunnacadar a dheisciobail é ag siobhal air an bhfairge, do bhádár air na mbuaidhreadh, ag rádh, Is gósda é; agus do éimhgheadar lé heagla.

27 Agus do labhair Iósa ríu air an mball, ag rádh, **Biódh meisneach maith agaibh; is Misi a tá ann; ná bíodh eagla oraibh.**

13 When Jesus heard *of it*, he departed thence by ship into a desert place apart: and when the people had heard *thereof*, they followed him on foot out of the cities.

14 And Jesus went forth, and saw a great multitude, and was moved with compassion toward them, and he healed their sick.

15 And when it was evening, his disciples came to him, saying, This is a desert place, and the time is now past; send the multitude away, that they may go into the villages, and buy themselves victuals.

16 But Jesus said unto them, **They need not depart; give ye them to eat.**

17 And they say unto him, We have here but five loaves, and two fishes.

18 He said, **Bring them hither to me.**

19 And he commanded the multitude to sit down on the grass, and took the five loaves, and the two fishes, and looking up to heaven, he blessed, and brake, and gave the loaves to *his* disciples, and the disciples to the multitude.

20 And they did all eat, and were filled: and they took up of the fragments that remained twelve baskets full.

21 And they that had eaten were about five thousand men, beside women and children.

22 And straightway Jesus constrained his disciples to get into a ship, and to go before him unto the other side, while he sent the multitudes away.

23 And when he had sent the multitudes away, he went up into a mountain apart to pray: and when the evening was come, he was there alone.

24 But the ship was now in the midst of the sea, tossed with waves: for the wind was contrary.

25 And in the fourth watch of the night Jesus went unto them, walking on the sea.

26 And when the disciples saw him walking on the sea, they were troubled, saying, It is a spirit; and they cried out for fear.

27 But straightway Jesus spake unto them, saying, **Be of good cheer; it is I; be not afraid.**

28 Agus tug Peadar freagra air agus a dubhairt sé, A Tighearna, más tu atá ann, aithin díomsa dul ad choinne air na huisgidhibh.

29 Agus a dubhairt seisean, **Tárr.** Agus an tan do chúaidh Peadar sios as an luing do shiobhail se ar na huisgidhibh, do chum teachd go Hiósa.

30 Achd an tan do chonnaire sé an gháoth laidir, do ghabh eagla é; agus a núair do thionnsgain sé dul a níochdar, do sgreadh se, ag rádh, A Thighearna, fóir orum.

31 Agus ar síneadh a láimhe ar an mball Diósa, rug sé air, agus a deir sé ris, **A fhir an chreidimh bhig, créd far ghabh cuntabhairt thú?**

32 Agus an tan do chúadar a sdeach ann sa luing, do choisg an gháoth.

33 Agus tangadar an luchd do bhí sa luing, agus donóruigheadar é, ag rádh, Go firinneach is tusa Mac Dé.

34 Agus an tan do chúadar tar *úisge*, tangadar go talamh Genesaret.

35 Agus an tan do aithnidheadar luchd na háitesin é, do chuireadar fios air feadh na tíresin uile ar gach táobh dhíobh, agus tugadar gach a raibh easlán chuige;

36 Agus do chuireadar impidhe air go mbáinfidís lé himeal a éaduigh amháin: agus an mhéid díobh do bhean do slánaigheadh íad.

28 And Peter answered him and said, Lord, if it be thou, bid me come unto thee on the water.

29 And he said, **Come.** And when Peter was come down out of the ship, he walked on the water, to go to Jesus.

30 But when he saw the wind boisterous, he was afraid; and beginning to sink, he cried, saying, Lord, save me.

31 And immediately Jesus stretched forth *his* hand, and caught him, and said unto him, **O thou of little faith, wherefore didst thou doubt?**

32 And when they were come into the ship, the wind ceased.

33 Then they that were in the ship came and worshipped him, saying, Of a truth thou art the Son of God.

34 And when they were gone over, they came into the land of Gennesaret.

35 And when the men of that place had knowledge of him, they sent out into all that country round about, and brought unto him all that were diseased;

36 And besought him that they might only touch the hem of his garment: and as many as touched were made perfectly whole.

Caibidil 15

Gur bé peacadh do shalchas duine, 21 agus gu bfuáir greim dhaingion chreidimh na mná ó Chanaan, a hiarratus di.

1 Ann sin tigid sgríobuighe agus Phairisínigh ó Ierusalem, go Hiósa, ag radh,

2 Créd fá a sárúighid do dheisciobailsi gnáthughadh na sinnsear? Oír ní ionnluid siad a lámha a núair ithid arán.

3 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé rú, **Créd fá sárúigheann sibhsi leis aithne Dé lé bhur ngnáthughadh féin?**

4 Oír tug Día áithne, ag radh, Onóruigh hathair agus do mhathair: agus, Giodh bé mhalluigheas a athair nó a mhathair, cuirthear chum báis é.

5 Achd a dheartháoisí, Giodh bé neach a déara re *na* athair nó ré *na* mathair, Gach tabhartus dá dtuguimsi uaim, rachaidh sé a dtarbha dhuitsi;

6 Agus ní onórfuidh sé a athair nó a mhathair. Agus mar sin do chuireabhair a neimhbhrigh aithne Dé tré bhur ngnáthughadh féin.

Chapter 15

1 Then came to Jesus scribes and Pharisees, which were of Jerusalem, saying,

2 Why do thy disciples transgress the tradition of the elders? for they wash not their hands when they eat bread.

3 But he answered and said unto them, **Why do ye also transgress the commandment of God by your tradition?**

4 For God commanded, saying, Honour thy father and mother: and, He that curseth father or mother, let him die the death.

5 But ye say, Whosoever shall say to *his* father or *his* mother, *It is a gift*, by whatsoever thou mightest be profited by me;

6 And honour not his father or his mother, *he shall be free.* Thus have ye made the commandment of God of none effect by your tradition.

7 A *luchd* an fhúarchrábhaidh, is maith do rinne Esaiás fáigheadóireachd bhur dtimcheall, ag rádh,

8 Druididh an pubalsa leamsa lé na mbéul, agus onóruighid me lé *na* bpusuibh; achd cheana is fada úaim atá a gcroidhe.

9 Achd is a ndíomháineas onóruighid síad misi, ag teagasg aitheanta na ndáoinne *mar* theagasg.

10 Agus ar ngairm an tslóigh, a dubhairt sé riu, Eisdigh, agus tuigidh:

11 Ní hé an ní théid a sdeach ann sa mbéul shaluigheas an duine; achd an ní thig as an mbeul, a sé so shaluigheas an duine.

12 Ann sin thangadar a dheisciobuil, agus a dubhradar ris, A né nach dtuigeann tú go bhfúaradar na Pharisínigh do chúala an glórsa, oibhéim *ann?*

13 Agus ar bhfreagra dhósan, a dubhairt sé, Gach uile phlanda, nach ar chuir Mathair neamhdhasa, beanfuirtheas as a fhréamhach é.

14 Léigidh dhóibh *féin*: is éoluighthe dalla a gcionn dall iad. Agus ma thréoruigheann dall dall éile, tuitfid a raon sa díg.

15 Agus ar bhfreagra do Pheadar a dubhairt sé ris, Mínigh dhúinne an chosamhlachdsin.

16 Agus a dubhairt Iósa, An bhfuil tísi leis fós ainbhfeasach?

17 A ne nach dtuigthísi fós, giodh bé ní theid a sdeach ann sa mbéul, go dtéid sé sa mbolg, agus go dteiltgear as sin don chamra é?

18 Achd na neithe theid a mach as an mbéal is as an gcroidhe thigid síad; agus is siad sin shaluigheas an duine.

19 Oír as an gcroidhe thigid na drochsmuaintighthe, dúnmarbhadh, adhaltrannas, stríopachas, gaduidheachd fíaghnuisighe bréige, blaisphemighe:

20 Is iadso na *neithe* shalchas an duine: achd bíadh dithe lé lámhuibh gan ionnladh ní shaluigheann sé an duine.

21 Agus ar ndul Diósa as sin, do chúaidh sé go leithimlibh Thirus agus Shídon.

22 Agus, féuch, tháinic bean do Chánaan ó na crióchaibh sin, agus do éigh *si*, ag rádh ris, Déana trócaire oram, a Thighearna, a mhic Daibhí; a tá mhingean ar na búaidhreadh go mór ó dheamhan.

23 Achd ní thug seisean freagra ar bith uirthé. Agus tangadar a dheisciobail chuige agus do iárradar air, ag rádh, Cuir úainn í; oír a tá sí ag éighmhe ar ndáigh.

7 Ye hypocrites, well did Esaias prophesy of you, saying,

8 This people draweth nigh unto me with their mouth, and honoureth me with *their* lips; but their heart is far from me.

9 But in vain they do worship me, teaching *for* doctrines the commandments of men.

10 And he called the multitude, and said unto them, Hear, and understand:

11 Not that which goeth into the mouth defileth a man; but that which cometh out of the mouth, this defileth a man.

12 Then came his disciples, and said unto him, Knowest thou that the Pharisees were offended, after they heard this saying?

13 But he answered and said, Every plant, which my heavenly Father hath not planted, shall be rooted up.

14 Let them alone: they be blind leaders of the blind. And if the blind lead the blind, both shall fall into the ditch.

15 Then answered Peter and said unto him, Declare unto us this parable.

16 And Jesus said, Are ye also yet without understanding?

17 Do not ye yet understand, that whatsoever entereth in at the mouth goeth into the belly, and is cast out into the draught?

18 But those things which proceed out of the mouth come forth from the heart; and they defile the man.

19 For out of the heart proceed evil thoughts, murders, adulteries, fornications, thefts, false witness, blasphemies:

20 These are *the things* which defile a man: but to eat with unwashen hands defileth not a man.

21 Then Jesus went thence, and departed into the coasts of Tyre and Sidon.

22 And, behold, a woman of Canaan came out of the same coasts, and cried unto him, saying, Have mercy on me, O Lord, *thou* Son of David; my daughter is grievously vexed with a devil.

23 But he answered her not a word. And his disciples came and besought him, saying, Send her away; for she crieth after us.

24 Agus ar bhfreagra dhósan, a dubhairt sé, **Níor cuireadh misi achd do chum cáorach thighe Israel do chúaidh ar seachrán.**

25 Gidheadh tháinic sisi agus do rinne sí sléachdain dó, ag rádh, A Thighearna, foir orum.

26 Agus ar bhfreagra dhósan, a dubhairt sé, **Ní coír arán na cloinne do ghlacadh, agus do theilgean chum na ngádhar.**

27 Achd a dubhairt sisi, Is fíor *sin*, a Thighearna: gidheadh fós ithid no coilén cuid don sbrúighleach thuiteas ó bhórd a dtighearnadh *féin*.

28 Ar bhfreagra Diósa an tansin, a dubhairt sé ría, **O a bhean, is mór do chreideamh: teagmhadh dhuit mar is toil leachd. Agus do bhí a hingean slán ó a núairsin a mach.**

29 Agus ar nimtheachd Diósa as sin, tháinic sé láimh ré fairrge na Gaililee; agus an tan do chúaidh sé súas ar shliabh, do shuidh sé ann.

30 Agus do chúadar slúaighte móra chuige, agá rábhadar bacuigh, doill, balbháin, dáoine ciorthuimeacha, agus móran eile, agus do theilgeadar fá chosaibh Iósa iad; agus do shlánaigh sé iad:

31 Ionnas gur ghabh iongantus an slúagh, an tan do chonncadar na balbháin ag labhairt, agus na dáoine ciorthuimeacha slán, na bacaigh ag siobhal, agus a radharc ag na dallaihb: agus tugadar gloír do Dhía Israel.

32 Agus ar ngairm a dheisciobal *chuige* Diósa, a dubhairt sé, **A tá trúaighe agam don tslúagh, oir do fhanadar a nois ré trí lá am fhocair, agus ní bhfuil ní acá do iósaidis: agus ní háill leam a léigean úaim na dtrosgadh, deagla go racháidis a nanbhfainne ar a tslighe.**

33 Agus a deirid a dheisciobail ris, Cía a náit as a bhfuigheamáois ar an bhfasach a noireadsin darán, lé a saiseóchamáois a chomhmór do shlúagh?

34 Agus a deir Iósa ríusan, **Gá mhéad arán a tá agaibh? Agus a dubhradarsan, A seachd, agus a beagan diásgaibh beaga.**

35 Agus do aithin seisean do tslúagh suidhe síos ar an dtalamh.

36 Agus ar nglacadh na seachd narán agus na niasgsin dó, ag tabhairt buidheachais, do bhris sé *iad*, agus thug sé dhá dheisciobluihb, agus tugadar na deisciobail don tslúagh *iad*.

37 Agus do itheadar uile ní, agus do sasuígheadh iad: agus do thógbhadar lán seachd gclíabh dfuigheall do *bhiádh* bhrisde.

38 Agus do bhádar an luchd a dúaidh é ceithre mhíle fear, leith a muigh do mhnáibh agus do leanbaibh.

24 But he answered and said, **I am not sent but unto the lost sheep of the house of Israel.**

25 Then came she and worshipped him, saying, Lord, help me.

26 But he answered and said, **It is not meet to take the children's bread, and to cast it to dogs.**

27 And she said, Truth, Lord: yet the dogs eat of the crumbs which fall from their masters' table.

28 Then Jesus answered and said unto her, **O woman, great is thy faith: be it unto thee even as thou wilt. And her daughter was made whole from that very hour.**

29 And Jesus departed from thence, and came nigh unto the sea of Galilee; and went up into a mountain, and sat down there.

30 And great multitudes came unto him, having with them *those that were* lame, blind, dumb, maimed, and many others, and cast them down at Jesus' feet; and he healed them:

31 Insomuch that the multitude wondered, when they saw the dumb to speak, the maimed to be whole, the lame to walk, and the blind to see: and they glorified the God of Israel.

32 Then Jesus called his disciples *unto him*, and said, **I have compassion on the multitude, because they continue with me now three days, and have nothing to eat: and I will not send them away fasting, lest they faint in the way.**

33 And his disciples say unto him, Whence should we have so much bread in the wilderness, as to fill so great a multitude?

34 And Jesus saith unto them, **How many loaves have ye? And they said, Seven, and a few little fishes.**

35 And he commanded the multitude to sit down on the ground.

36 And he took the seven loaves and the fishes, and gave thanks, and brake *them*, and gave to his disciples, and the disciples to the multitude.

37 And they did all eat, and were filled: and they took up of the broken *meat* that was left seven baskets full.

38 And they that did eat were four thousand men, beside women and children.

39 Agus ar léigean an tslúaigh úadh, do chúaidh sé a luing, agus táinic sé go leithimlibh Mhagdala.

Caibidil 16

Droch theagasc na Bparisíneach, insheachanta; 16 admhail ghlórmhar Pheadair; 24 agus gu bfuil dfhiachaibh ar lucht leanmhuin Chríosa an nainmhain do chrosadh.

1 Agus ag teachd do na Pharisíneachaibh agus do na Saddúichíneachaibh, a cur cathuighthe air do iárradar air comhartha do thaisbéanadh ó neamh dhóibh.

2 Agus ar bhfreaga dhósan a dubhairt sé ríu, *An tráth thig deireadh an láoi, a deartháoi, Bíaidh sé na shoinn: óir a tá an taiér dearg.*

3 Agus ar maidin, *bíaidh drochaimsear ann a níu: óir a tá an taiér ag deargadh agus ag dorchughadh. A lucht an fhúarchrábhaigh, is éol dáoibh gnúis a naiér do bhreathnughadh; achd a né nach édir libh comharthuidhe na naimsearach do thuigsin?*

4 Iárraidh an droichchineadh adhaltrannach comhartha; agus ní tiobharthar comhartha dhó, achd comhartha Iónás an fáidh, agus ar ndealughadh ríu, do imthigh sé.

5 Agus an tráth thangadar a dheisciobail a dtir ann sa phort thall, do dhearmadar arán do bhreith léo.

6 Agus a dubhairt Iosa ríu, *Tabhruidh dá bhur naire agus coimhheaduigh sibh ó laibhín na Bhphairisíneach agus na Sadúichíneach.*

7 Agus do thagradarsin eatorra féin, ag rádh, *Is ar son nach dtugamar arán linn.*

8 Agus ar an thuigsin sin Diósa, a dubhairt sé ríu, *O lucht an chreidimh bhig, créd fá a dtagartháoi eadraibh féin, gur ab ar son nach dtugabhair arán libh?*

9 *A né nach dtuigthí fós, no nach ccuimhnighthí na cúig aráin na gcúig mhíle fear, agus ga mhéd clíabh do thógabhair?*

10 *Nó na seachd naráin na gceithre mhíle fear, agus ga mhéd clíabh do thógabhair?*

11 *Cionnas nach ttuigthí nach a dtimcheall aráin a dubhairt mé ribh, bhur naire do thabhairt dháoibh ar laibhín na Bhphairisíneach, agus na Sadúichíneach?*

12 *Ann sin do thuigiodar cionnas nach díarradh orra aire do thabhairt dóibh ar loibhín an aráin, achd ar theagasc na Bhphairisíneach, agus na Sadúichíneach.*

13 Agus ar dteachd Diósa go críochaibh Shesárea Philippí, do fhíafruidh sé dá

39 And he sent away the multitude, and took ship, and came into the coasts of Magdala.

Chapter 16

1 The Pharisees also with the Sadducees came, and tempting desired him that he would shew them a sign from heaven.

2 He answered and said unto them, *When it is evening, ye say, It will be fair weather: for the sky is red.*

3 And in the morning, *It will be foul weather to day: for the sky is red and lowring. O ye hypocrites, ye can discern the face of the sky; but can ye not discern the signs of the times?*

4 A wicked and adulterous generation seeketh after a sign; and there shall no sign be given unto it, but the sign of the prophet Jonas. And he left them, and departed.

5 And when his disciples were come to the other side, they had forgotten to take bread.

6 Then Jesus said unto them, *Take heed and beware of the leaven of the Pharisees and of the Sadducees.*

7 And they reasoned among themselves, saying, *It is because we have taken no bread.*

8 *Which* when Jesus perceived, he said unto them, *O ye of little faith, why reason ye among yourselves, because ye have brought no bread?*

9 *Do ye not yet understand, neither remember the five loaves of the five thousand, and how many baskets ye took up?*

10 *Neither the seven loaves of the four thousand, and how many baskets ye took up?*

11 *How is it that ye do not understand that I spake it not to you concerning bread, that ye should beware of the leaven of the Pharisees and of the Sadducees?*

12 Then understood they how that he bade *them* not beware of the leaven of bread, but of the doctrine of the Pharisees and of the Sadducees.

13 When Jesus came into the coasts of Caesarea Philippi, he asked his disciples,

dheisciobluihb, ag rádh, **Créd a deir na dáoine, cía misi Mac an duine?**

14 Agus a dubhradarsan, A *deirid* cuid dhíobh gur ab tú Eóin Baisde: agus cuid eile, Elías; agus cuid eile, Ieremias, nó áon do na faidhibh.

15 A deir seisean ríu, **Achd créd a deir sibhsi cía mé?**

16 Agus ar bhfreagra do Shímón Peadar a dubhairt sé, Is tusa Criósd, Mac Dé bhí.

17 Agus ar bhfreagra Díosa *an tráthsín* a dubhairt sé ris: **As beannuighthe thú, a Shímoín mhic Ióna: óir ní féoil ná fuil do fhoillsigh *sin* duit, achd Mathairsi a tá air neamh.**

18 Agus a deirimsi riot, Gur ab tusa Peadar, agus gur ab ar an gcarruisci thóigeabhus misi méagluis *féin*; agus nach béaruid geatuidhe ifeirn búaidh uirrthe.

19 Agus do bhéara me dhuit eochracha na ríoghachda neamhdha: agus giodh bé ní cheingéolus tú ar talamh bíaidh sé ceanguilte ar neamh: agus giodh bé ní sgáoilfeas tú ar talamh, bíaidh sé sgáoilte ar neamh.

20 Ann sin do aithin sé dá dheisciobluihb gan innisin déin neach gur bhé *féin* Iósa Criosd.

21 O a núairsin amach do thionnsgain Iosa a fhoillseaghadh dhá dheisciobluihb, gur ab éigin dó dhul go Híarusaleim, agus mórán dfulang ó na seinnsearuibh agus ó úachdaránaibh na sagart agus ó na sgríobuidhibh, agus bás dfulang, agus eiséirghe an treas lá.

22 Achd do ghabh Peadar é, agus do thionnsgain sé achmhusan do thabhairt dó, ag rádh, A bhfad uaidse sin, a Thighearna: ní theigeomha so dhuitse.

23 Achd ar gcasadh dhósan, a dubhairt sé ré Peadar, **Imthigh am dhiaigh, a Shátain: is scannail dhamh thú: oir ní thuigeann tú na neithe bheanas ré Diá, achd na neithe bheanas ré dáoinibh.**

dhó: achd gé do chonncabhairsi so, ní dhearnabhair aithrige na dháigh sin, do chum go gcreidfeadh sibh dhó.

33 Eisdigh ré cosamhlachd eile: Do bhí féar tighe áirighthe ann, do chuir fíneamhuin, agus do chuir sé fál na timcheall, agus do thochail sé ionad brúighte an fhiona innnte, agus do thogaibh sé tor, agus tug sé do sgológaibh ar chiós í, agus do imthidh sé féin a gcoigcrích:

34 Agus an tráth do dhruid aimsear na dtórtha riu, do chuir sé a shearbhfoghantuidhe chum na sgológ, do ghlacadh na dtórtha.

35 Agus rugadar na sgológa ar a shearbhfoghantuidhibh, agus do ghabhadar ar fhear dhióbh, agus do mharbhadar fear eile, agus do ghabhadar do chlochaibh ar fhear eile.

36 A ris, do chuir sé searbhfoghantuidhe eile úadh búdh lía na an chéadchuideachda: agus do rinneardarsan mar an gcéadna riu.

37 Agus fa dheireadh do chuir sé a mhac féin chuca, ag rádh, Do bhéaruid síad onóir dom mhac.

38 Agus ar bhfaicsin an mhic do na sgológaibh, a dubhradar eatorra féin, A sé so an toíghre; tigidh, marbham é, agus conggham a oidhreachd.

39 Agus ar mbreith air, do theilgeadar as an bhfíneamhuin a mach é, agus do mharbhadar é.

40 Ar a nadhbharsin an tráth thioctas tighearna na fíneamhna, créud do dhéana sé ris na sgológaibh úd?

41 A deiridsean ris, Sgriosfuidh sé go díoghaltach na drochdháoine úd, agus do bhéara sé a fhineamhuin air chíos do sgológaibh eile, do bhéara na tórtha dhó an a naimsearaibh féin.

42 A deir Iósa riu, Nar léaghabhair a ríamh ann sna sgrioptúraibh, An chloch do dhiúltadar na sáoir, a si a tá ar na déanamh na ceann ann sa chúainne: a sé an Tighearna do rinne so, agus a tá sé iongantach ann ar súilibhne?

43 Ar a nadhbharsin a deirim ribh, Go dtoigéobhtar rioghachd Dé úaibhsi, agus go dtiobharthar í so chineadh bhéaras toradh úatha.

44 Agus gidh bé neach thuitfeas ar an gcloichse, brisfíthear é: agus giodh bé ar a dtuitfi sí, do dhéana sí mionluaithreadh dhe.

45 Agus an tráth do chúaladar úachdaráin na sagart agus na Phairisinigh an chosmhalachd sin, do aithnigheadar gur ab na dtimcheall féin da labhair sé.

and ye, when ye had seen *it*, repented not afterward, that ye might believe him.

33 Hear another parable: There was a certain householder, which planted a vineyard, and hedged it round about, and digged a winepress in it, and built a tower, and let it out to husbandmen, and went into a far country:

34 And when the time of the fruit drew near, he sent his servants to the husbandmen, that they might receive the fruits of it.

35 And the husbandmen took his servants, and beat one, and killed another, and stoned another.

36 Again, he sent other servants more than the first: and they did unto them likewise.

37 But last of all he sent unto them his son, saying, They will reverence my son.

38 But when the husbandmen saw the son, they said among themselves, This is the heir; come, let us kill him, and let us seize on his inheritance.

39 And they caught him, and cast *him* out of the vineyard, and slew *him*.

40 When the lord therefore of the vineyard cometh, what will he do unto those husbandmen?

41 They say unto him, He will miserably destroy those wicked men, and will let out *his* vineyard unto other husbandmen, which shall render him the fruits in their seasons.

42 Jesus saith unto them, Did ye never read in the scriptures, The stone which the builders rejected, the same is become the head of the corner: this is the Lord's doing, and it is marvellous in our eyes?

43 Therefore say I unto you, The kingdom of God shall be taken from you, and given to a nation bringing forth the fruits thereof.

44 And whosoever shall fall on this stone shall be broken: but on whomsoever it shall fall, it will grind him to powder.

45 And when the chief priests and Pharisees had heard his parables, they perceived that he spake of them.

46 Agus an tráth do shantuigheadar breith air, do bhí eagla an phobail orrtha, óir do bhí meas fáidhe aca airsean.

Caibidil 22

Cuireadh chum banais phósda Mhic an rígh mhóir. Agus frégartha, iona cceastannaibh craiplidheach.

1 Agus ar bhfreagra Diósa, do labhair sé a rís riu a gcosmhalachdaibh, ag rádh,

2 Is cosmhuil an flaitheas neamhdha ré ríghé aírighthe, do rinne banais phósda dá mhac féin,

3 Agus do chuir sé a shearbhfhoghantuidhe do ghairm na muinntire fúair cuireadh chum na bainnse: achd níor bháill leósan theachd.

4 A rís, do chuir sé shearbhfhoghantuidhe eile chuca, da rádh, Abruighsi ris an mhuinntir úd dár tugadh cuireadh, Féuch, do ullmhuigh mé mó dhínnéir; á táid mo dhaimh agus mainmhíntighe bíadhta ar na marbhadh, agus a tá gach uile ní ullamh: tigidh chum na bainnse.

5 Achd tugadarsan faillighe an so, agus do imthigheadar, fear dhíobh dá fhearann féin, agus fear eile chum a cheannuigheachda:

6 Agus rugadar an chuid eile dhíobh ar a shearbhfhoghantuidhibhsean, agus tugadar easonóir dhóibh, agus do mharbhadar íad.

7 Agus an tan do chúalaidh an rí so, do ghabh fearg e: agus ar gcur a shlúagthe údadh, do sgríos sé an luchd dúnmarbhtha úd, agus do loisg sé a gcathair.

8 A deir sé an tansin ré na shearbhfhoghantuíghibh, Go fírinneach a tá an bhannis ullamh, gidheadh an dream fúair an cuireadh níor bhfiú iád é.

9 Ar a nadhbharsin imdhighsi a gcomhrac na ród, agus gidh bé ar bith dáoine do gheabhtháoi ann, goiridh chum na bainnse íad.

10 Agus ar ndul a mach do na searbhfoghantuídhíbh ar na slighthibh, do chruinnigheadar gach uile dhuine da bhfuáradar, eidir olc agus maith: agus do líonadh teach na bainnsé do aóidheadhíbh do shuidh chum bídh.

11 Agus ar ndul a sdeach do rígh dféachain ar a luchd cuiridh, do chonnaic sé duine ann ag nach raibh éadach bainnse uime:

12 Agus a deir sé ris, A chompánuigh, cionnas tháinic tusa a sdeach ann so gan éadach bainnse umad? Achd ní raibh áonfhocal aigesean.

46 But when they sought to lay hands on him, they feared the multitude, because they took him for a prophet.

Chapter 22

1 And Jesus answered and spake unto them again by parables, and said,

2 The kingdom of heaven is like unto a certain king, which made a marriage for his son,

3 And sent forth his servants to call them that were bidden to the wedding: and they would not come.

4 Again, he sent forth other servants, saying, Tell them which are bidden, Behold, I have prepared my dinner: my oxen and my fatlings are killed, and all things are ready: come unto the marriage.

5 But they made light of it, and went their ways, one to his farm, another to his merchandise:

6 And the remnant took his servants, and entreated them spitefully, and slew them.

7 But when the king heard thereof, he was wroth: and he sent forth his armies, and destroyed those murderers, and burned up their city.

8 Then saith he to his servants, The wedding is ready, but they which were bidden were not worthy.

9 Go ye therefore into the highways, and as many as ye shall find, bid to the marriage.

10 So those servants went out into the highways, and gathered together all as many as they found, both bad and good: and the wedding was furnished with guests.

11 And when the king came in to see the guests, he saw there a man which had not on a wedding garment:

12 And he saith unto him, Friend, how camest thou in hither not having a wedding garment? And he was speechless.

13 A dubhairt an rí ré na ghiollaidhibh an tráthsin, Ar gceangal a chos agus a lámh súd, tóguidh é, agus teilgidh ann sa dorchadus a muich é; mar a mbía gul agus gíosgán fiacal.

14 Oír atá mórán ar na ngairm, agus beagán ar na dtogha.

15 Ag imtheachd ann sin do na Pharisíneachaibh, do chúadar a gcomhairle cionnas ghéabhadís é iona bríathruibh

16 Ar a nadhbharsin cuirid siad a ndeisciobuil féin chuige maille ré muinntir Iorúaithe, ag rádh, A mhaighisdir, a tá a fhios aguinn gur ab duine firinneach thusa, agus go dteagasgann tú slíghe De go firinneach, agus nach bhfuil cás agad a náonnduine: óir ní fhéachann tú do phearsain na ndáoinne.

17 Ar a nadhbharsin innis dúinne, créd do chíthear dhuit? An cóir cíos do thabhairt do Shéasar, no gan a thabhairt?

18 Agus ar naithne a mailíse Díosa a dubhairt sé, **Créd fa a gcuirthí cathughadh oram, a luchd an fhúarchrábhaigh?**

19 Taisbéanuidh dhamh airgead an chíosa. Agus tugadarsan, pighinn chuige.

20 Agus a dubhair sé ríu, **Cía dár ab íomháigh so agus cíá ré a mbeanann an sgríbhinn so na thimcheall?**

21 A deiridsean ris, Ré Séasar. A deir seasean ríu, an tráthsin, **Ar a nadhbharsin tabhruidh do Shéasar na neithe is lé Séasar; agus na neithe is lé Día do Dhía.**

22 Agus ar na chluinsin so, do ghabh iongantus íad, agus ar sgur dhe, do imthigheadar.

23 An lásin féin tangadar na Saduicínigh, a deir nach bhfuil eiseirghe ann chuige, agus do chuireadar ceisd air,

24 Ag rádh, A mhaighisdir, a dubhairt Máoisí, Dá bhfagadh aonnduine bás, gan chloinn aige, pósfuidh a dhearbhrathair a bhean do *dhlightheadh comhfhoguis*, agus tóigeabhuidh sé síol dá dhearbhrathair.

25 Agus do bhádar móirsheisear dearbhráthar eadrainne: agus tar éis mná do thabhairt don chéad duine, fúair sé bás, agus an tan nach raibh sliochd aige, do fhágaibh sé a bhean agá dhearbhráthair:

26 Agus déirghe mar an gcéadna don dara, agus don treas *dearbhráthair*, go soithe an seachdmhadh *dearbhráthair*.

27 Agus na ndiáigh úile fúair an bhean bás.

28 Ar a nadhbharsin ann sa neisíirghe, cíá don mhóirsheisear dá madh bean í? óir do bhí sí aca uile.

13 Then said the king to the servants, Bind him hand and foot, and take him away, and cast *him* into outer darkness; there shall be weeping and gnashing of teeth.

14 For many are called, but few *are* chosen.

15 Then went the Pharisees, and took counsel how they might entangle him in *his* talk.

16 And they sent out unto him their disciples with the Herodians, saying, Master, we know that thou art true, and teachest the way of God in truth, neither carest thou for any *man*: for thou regardest not the person of men.

17 Tell us therefore, What thinkest thou? Is it lawful to give tribute unto Caesar, or not?

18 But Jesus perceived their wickedness, and said, **Why tempt ye me, ye hypocrites?**

19 **Shew me the tribute money.** And they brought unto him a penny.

20 And he saith unto them, **Whose is this image and superscription?**

21 They say unto him, Cæsar's. Then saith he unto them, **Render therefore unto Cæsar the things which are Cæsar's; and unto God the things that are God's.**

22 When they had heard *these words*, they marvelled, and left him, and went their way.

23 The same day came to him the Sadducees, which say that there is no resurrection, and asked him,

24 Saying, Master, Moses said, If a man die, having no children, his brother shall marry his wife, and raise up seed unto his brother.

25 Now there were with us seven brethren: and the first, when he had married a wife, deceased, and, having no issue, left his wife unto his brother:

26 Likewise the second also, and the third, unto the seventh.

27 And last of all the woman died also.

28 Therefore in the resurrection whose wife shall she be of the seven? for they all had her.

29 Agus ar bhfreagra Diósa a dubhairt sé ríu, A tá sibh ar seachrán, gan éolus na sgrioptúr, na chúmhachd Dé agaibh.

30 Oír ann sa neiséirghe ní thabhruid fir mná, agus ní tugthar mná dfearaibh, achd a táid siad mar ainglibh Dé ar neamh.

31 Achd a né nach ar léaghabhair an ní a dubhairt Día ribh, a dtimcheall eiséirghe ná marbh, ag rádh,

32 Is misí Día Abraham, agus Día Isáac, agus Día Iácob? ní hé Día Dia na marbh, achd na mbéo.

33 Agus an tráth do chúluidh an pobal *sin*, do ghabh iongnadh iád tré na theagasgan.

34 Agus an tán do chúladar na Phairisínigh gur chuir sé na Saduisínigh na dtocht, do chruinnigheadar a gceann a chéile.

35 Agus do chuir doctúir dlighe áirighthe dhióbhsan, *ceisd* air, dá theasdughadh, agus ag rádh,

36 A Mhaighisdir, cía hí a naithne is mó sa dligheadh?

37 Agus a dubhairt Iósa ris, Gráidheóchuidh tú do Thighearna Día léd chroidhe uile, agus léd anam uile, agus léd smuáintiughadh uile.

38 A sí so an chéad aithne, agus a naithne mhór.

39 Agus is cosmhuil an dara háithne ría so, Gráidheóchuidh tú do chomharsa mar thú féin.

40 Is ann sa dá aithnese atá suim an dlighe, agus na bhfáidheadh.

41 Agus an tan do bhádar na Pharisínigh cruinn a bhfochair a cheile, do fhiafruidh Iósa dhíobh,

42 Ag rádh, Créd do chithear dhíbhse a dtimcheall Chríósd? cía dár mhac é? A deiridsean ris, *Mac Dháibhí*.

43 A deir seisean ríu, Ma seadh cionnas ghoireas Daibhí san spioruid Tighearna dhe, ag rádh,

44 A dubhairt an TIGHEARNA rém Thighearna sa, Suidh ar mo lámh dheis, no go gcuire mé do náimhde na sdol fád chosuibh?

45 Ar a nadhbharsin ma ghoireann Dáibhí Tighearna dhe, cionnas a tá sé na mhac aige?

46 Agus níor bhéidir lé háonnduine freagra ar bith do thabhairt air, agus níor lamh éinneach ón lásin suás ní ar bith dfafruighe dhe.

29 Jesus answered and said unto them, *Ye do err, not knowing the scriptures, nor the power of God.*

30 For in the resurrection they neither marry, nor are given in marriage, but are as the angels of God in heaven.

31 But as touching the resurrection of the dead, have ye not read that which was spoken unto you by God, saying,

32 I am the God of Abraham, and the God of Isaac, and the God of Jacob? God is not the God of the dead, but of the living.

33 And when the multitude heard *this*, they were astonished at his doctrine.

34 But when the Pharisees had heard that he had put the Sadducees to silence, they were gathered together.

35 Then one of them, *which was* a lawyer, asked *him a question*, tempting him, and saying,

36 Master, *which is* the great commandment in the law?

37 Jesus said unto him, *Thou shalt love the Lord thy God with all thy heart, and with all thy soul, and with all thy mind.*

38 *This is* the first and great commandment.

39 And the second *is* like unto it, *Thou shalt love thy neighbour as thyself.*

40 On these two commandments hang all the law and the prophets.

41 While the Pharisees were gathered together, Jesus asked them,

42 Saying, *What think ye of Christ? whose son is he? They say unto him, The Son of David.*

43 He saith unto them, *How then doth David in spirit call him Lord, saying,*

44 *The LORD said unto my Lord, Sit thou on my right hand, till I make thine enemies thy footstool?*

45 *If David then call him Lord, how is he his son?*

46 And no man was able to answer him a word, neither durst any *man* from that day forth ask him any more *questions*.

Caibidil 23

Teagasg agus caitheamh beatha na Bparisíneach, ar na mion-fhoillsiughadh.

Chapter 23

1 Do labhair Iósa an tráthsin ris an bpobal, agus ré na dheisceobluibh *féin*,

2 Ag rádh, A táid na sgríobuidhe agus na Phairisínigh na suidhe a gcaithir Mháoisí:

3 Ar a nadhbharsin gach uile ní a déaruid síad ríbh do choimhead, coimhéaduidh agus déanaidh *iad*; achd ná déanuidh do réir noibrighthe: oír a deirid síad, agus ní dhéanuid.

4 Oir ceangluid úaluighe troma dóiomchuir, agus cuirid *iad* ar shlinnéanuibh na ndáoine; gidheadh ní háill *léo féin* cor do chur dhíobh ré háon da méaruibh.

5 Achd cheana is do chum go bhféachfaidís dáoine órrtha do níd síad a noibrighthe uile: oír do níd siad a bhphiolactéirighe leathna, agus do níd síad imeal a neaduiagheadh taidhbhseach.

6 Agus as ionmhuin léo an céadionad suidhe ann sna féasduidhibh: agus na céadchaithíreacha annsna coimhthionóluibh.

7 Agus fáiltighe dfagháil ar na marguidhibh, agus dáoine do ghairm, Rábba, Rabbi, dhióbh.

8 Achd ná goirthear Rábba dhíbhisi: oír is áon Mhaighisdir a tá agaibh, Criósd; agus is dearbhráithreacha dhá chéile sibh *féin* uile.

9 Agus na goiridh bhur nathair do *dhuine* ar bith ar talamh: oír is áon Athar a tá agaibh, noch a tá ar neamh.

10 Na goirthear doctúiridhe dhíbh: oír is áon Ndoctúir a tá agaibh, Criósd.

11 Achd an té is mó eadruibh, biodh sé na óglach aguibh.

12 Oír gíodh bé áirdeochus é *féin* ísleochthar é; agus gíodh bé ísleochas é *féin*, airdeochthar é.

13 Achd is anáobhinn dáobhisi, a sgríobuidhe agus a Bhphairisíneacha, a luchd an fhúarchrábhuidh! do bhrígh go ndruidhí rioghachd neimhe rés na ndáoinibh: oír ní théighthí *féin* a sdeach, agus ní fhuilngthí don luch a tá ag dul a sdeach dul ann.

14 Is anáobhinn dáobh, a sgríobuidhe agus a Bhphairisíneacha, a *luchd* an fhúarchrábhaidh! oír ithtí tíghe na mbaintreabhach, agus sin fós ar sgáth bheith go fada ar urnuighe: ar a shon so do geabhtháoi an breitheamhnus is truime.

15 Is anáobhinn dáobh, á sgríobuighe agus a Bhphairisíneacha, a *luchd* an fhúarchrábhaidh! oír gabhtháoi timcheall mara agus tire do chum go ndéunadh sibh áonnduine air bhur riaghail *féin*, agus an tráth bhíos sé déanta, do níthí mac ifeirnn de ní sa mho fá dhó ná dhíbh *féin*.

1 Then spake Jesus to the multitude, and to his disciples,

2 Saying, The scribes and the Pharisees sit in Moses' seat:

3 All therefore whatsoever they bid you observe, *that* observe and do; but do not ye after their works: for they say, and do not.

4 For they bind heavy burdens and grievous to be borne, and lay *them* on men's shoulders; but they themselves will not move them with one of their fingers.

5 But all their works they do for to be seen of men: they make broad their phylacteries, and enlarge the borders of their garments,

6 And love the uppermost rooms at feasts, and the chief seats in the synagogues,

7 And greetings in the markets, and to be called of men, Rabbi, Rabbi.

8 But be not ye called Rabbi: for one is your Master, *even* Christ; and all ye are brethren.

9 And call no *man* your father upon the earth: for one is your Father, which is in heaven.

10 Neither be ye called masters: for one is your Master, *even* Christ.

11 But he that is greatest among you shall be your servant.

12 And whosoever shall exalt himself shall be abased; and he that shall humble himself shall be exalted.

13 But woe unto you, scribes and Pharisees, hypocrites! for ye shut up the kingdom of heaven against men: for ye neither go in *yourselves*, neither suffer ye them that are entering to go in.

14 Woe unto you, scribes and Pharisees, hypocrites! for ye devour widows' houses, and for a pretence make long prayer: therefore ye shall receive the greater damnation.

15 Woe unto you, scribes and Pharisees, hypocrites! for ye compass sea and land to make one proselyte, and when he is made, ye make him twofold more the child of hell than yourselves.

16 Is anáuibhinn dáuibh, a thréoruighthe dalla, noch a deir, Gidh bé duine bhéaras an teampoll mar mhionna, ni ní ar bíth é; achd gidh bé bhéaras ór an teampoill mar mhionna, a ta sé cionntach!

17 A dháoine leamha agus dalla: an mó an tór, ná an teampoll náomhas an tór?

18 Agus, Gidh bé duine bhéaras a naltór mar mhionna, ni bhfuil éfeachd ann; achd gidh bé duine bhéaras an tiodhlacadh atá uirrthe mar mhionna, do ní sé coir.

19 A dháoine leamha dalla: an mó a nóthráil, ná a naltóir naomhas nothráil?

20 Ar a nadhbharsin gidh bé bheir a naltóir mar mhionna, do bheir sé í féin, agus gach ní dhá bhfuil uirrthe mar mhionna.

21 Agus gidh bé bheir an teampoll mar mhionna, do bheir sé é féin, agus an té a tá na chomhnuidhe ann mar mhionna.

22 Agus gidh bé neach do bheir neamh mar mhionna do bheir sé caithír Dé, agus an tí a tá na shuidhe uirrthe mar mhionna.

23 As anáuibhinn dáuibh a sgríobuidhe agus a Bhphairisíneacha, a luchd an fhúarchrábhaidh! oír gabhtháoi deachmhuidh an mhionntais agus na hainise agus an choimin, agus leighthí tharuibh an chuid is tábhachduigh don dligheadh, comhthrom, agus trocaire, agus firinne: do budh cóir dháuibh íad so do dhéanamh, agus gán íad súd dfágbháil gan déanamh.

24 A threoruighthe dalla, sgagus an mhíoltóg, agus shluigeas an cámhall.

25 As anáuibhinn dáuibh, a sgríobuidhe agus a Bhphairisíneacha, a luchd an fhúarchrábhaidh! oír glantáoi an chuid a muigh do chupán agus don mhéis, achd a táid síad táobh a sdigh lán do shraicreachd agus déagcóir.

26 A Bhphairisínigh dhoíll, glan ar tús an chuid a sdigh don chupan agus don mhéis, do chum go mbiadh an táobh a muigh dhíobh glan mar an gcéadna.

27 Is anáuibhinn dáuibh a sgríobuidhe agus a Bhphairisíneacha, a luchd an fhuarchrabhuidh! oír is cosmhuil sibh ré túamidhibh geala a tá deagmhaiseach don taóbh a muich, agus a tá a sdigh lán do chnámhaibh dáoine marbh, agus dá gach uile shalchar.

28 Is mar an gcéadna a tátháoisí leith a muich a bhfiadhnuisi na ndáoine bhar bhfireanchuibh, achd don táobh a sdigh a tátháoi lán dfúarchrábhaidh agus déagcoir.

16 Woe unto you, *ye* blind guides, which say, Whosoever shall swear by the temple, it is nothing; but whosoever shall swear by the gold of the temple, he is a debtor!

17 *Ye* fools and blind: for whether is greater, the gold, or the temple that sanctifieth the gold?

18 And, Whosoever shall swear by the altar, it is nothing; but whosoever sweareth by the gift that is upon it, he is guilty.

19 *Ye* fools and blind: for whether is greater, the gift, or the altar that sanctifieth the gift?

20 Whoso therefore shall swear by the altar, sweareth by it, and by all things thereon.

21 And whoso shall swear by the temple, sweareth by it, and by him that dwelleth therein.

22 And he that shall swear by heaven, sweareth by the throne of God, and by him that sitteth thereon.

23 Woe unto you, scribes and Pharisees, hypocrites! for ye pay tithes of mint and anise and cummin, and have omitted the weightier *matters* of the law, judgment, mercy, and faith: these ought ye to have done, and not to leave the other undone.

24 *Ye* blind guides, which strain at a gnat, and swallow a camel.

25 Woe unto you, scribes and Pharisees, hypocrites! for ye make clean the outside of the cup and of the platter, but within they are full of extortion and excess.

26 *Thou* blind Pharisee, cleanse first that *which* is within the cup and platter, that the outside of them may be clean also.

27 Woe unto you, scribes and Pharisees, hypocrites! for ye are like unto whited sepulchres, which indeed appear beautiful outward, but are within full of dead *men's* bones, and of all uncleanness.

28 Even so ye also outwardly appear righteous unto men, but within ye are full of hypocrisy and iniquity.

29 Is anáobhinn dáobh a sgríobuidhe, agus a Bhphairisneacha, a luchd an fhúarchrábhuidh! oír do nithí túamuidhe do na fáidhibh, agus deaghmhaisighthí leachduighe na bhfíreanach,

30 Agus a deirthí, Da mbémis *ann* a láethibh ar naithreach, ní bhémis pairteach ríu a bhfuil na bhfáidheadh:

31 Agus is mar sin do níthí fiadhnuisi bhar naghuidh féin, gur ab sibh clann na muinntire úd do mharbh na fáidhe.

32 *Agus* líonuidhsi *mar an gcéadna* miosúr bhar náithreacha *féin*.

33 A aithreacha neimhe, a shiól na naithreach neimhe, coinnas is éidir libh teitheadh ó dhamnughadh ifeirn?

34 Ar a nadhbharsin, féuch cuirimse chugaibh fáidhe, agus daoine glioca, agus sgríobuidhe: agus cuirfidhísi chum báis, agus crochfuidhthí *cuid* dhíobh; agus sgiúrsfuithí *cuid* éile ann bhur síonagogaibh, agus díbéortháoi *iad* ó chathair go cathair:

35 Do chum go dtiocfadh oruibh gach uile fhuil fhiréanta dar dóirteadh ar an dtalamh, ó fhuil Abél fhiréanta go fuil Shacharías mhic Barachías, noch do mharbhabhairsi eidir an teampoll agus a naltóir.

36 Go fírinneach a deirimsi ribh, Go dtiocfuid na neithesi uile ar an dínesi.

37 A Iérusaléim, A Iérusaléim, mharbhus na fáidhe, agus ghabhus do chlochuibh ar an luchd chuirthear a ttionsaidh, créd a mhíonca do budh áill leam do chlann do chruinniúghadh re cheile, mar chruinnigheas an chearc a gearcuigh fa na sgiathánaibh, agus níor bháill leachd!

38 Féuch, fágfuithear bhur dtigh agaibh na fhásach.

39 Oír a deirimsi ribh, Nach bhfaicfithí misi feasda, no go nabartháoi, *Is* beannuighthe an tí thig a nainm an Tighearna.

29 Woe unto you, scribes and Pharisees, hypocrites! because ye build the tombs of the prophets, and garnish the sepulchres of the righteous,

30 And say, If we had been in the days of our fathers, we would not have been partakers with them in the blood of the prophets.

31 Wherefore ye be witnesses unto yourselves, that ye are the children of them which killed the prophets.

32 Fill ye up then the measure of your fathers.

33 *Ye* serpents, *ye* generation of vipers, how can ye escape the damnation of hell?

34 Wherefore, behold, I send unto you prophets, and wise men, and scribes: and *some* of them ye shall kill and crucify; and *some* of them shall ye scourge in your synagogues, and persecute *them* from city to city:

35 That upon you may come all the righteous blood shed upon the earth, from the blood of righteous Abel unto the blood of Zacharias son of Barachias, whom ye slew between the temple and the altar.

36 Verily I say unto you, All these things shall come upon this generation.

37 O Jerusalem, Jerusalem, *thou* that killest the prophets, and stonest them which are sent unto thee, how often would I have gathered thy children together, even as a hen gathereth her chickens under *her* wings, and ye would not!

38 Behold, your house is left unto you desolate.

39 For I say unto you, Ye shall not see me henceforth, till ye shall say, Blessed *is* he that cometh in the name of the Lord.

Caibidil 24

Comharthadha roimh scrios Ierusalem. 29 Agus roimh dheireadh an domhain.

1 Agus ar bhfagbháil an teampull Díosa, do ímthigh sé: agus tangadar a dheisciobuil *chuíge* do thaisbéanadh oibreach an teampull dhó.

2 Agus a dubhairt Iósa riu, *An* bfaicthí *iad* so uile? go fírinneach a deirimsi ribh, Nach bfúigfidhthear cloch ar muin chloiche ann so, nach sgáoilfidhthear.

Chapter 24

1 And Jesus went out, and departed from the temple: and his disciples came to *him* for to shew him the buildings of the temple.

2 And Jesus said unto them, *See* ye not all these things? verily I say unto you, There shall not be left here one stone upon another, that shall not be thrown down.

3 Agus ar suighe dhó ar shliabh na noluidheadh, do chúadar a dheisciobuil chuige go priobháideach, ag rádh, Innis dúinne, gá húair thiocfuid na neithesí chum criche, agus créd é comhartha do theachdasa, agus dheiridh an tsáoghail?

4 Agus ar bhfreagra Diósa a dubhairt sé riu, Tabhruidh dá bhar naire nach meallfa éin neach sibh.

5 Oír tiocfuid mórán am mainmsi, ag rádh, Is misi Criósd; agus meallfuid mórán.

6 Do chluinfithí cogthuidh agus túarasgbháil cogthadh: tabhruidh dá bhur naire gan búaidhreadh do bheith oruibh: oír is éigin na neithesi uile do theachd chum críche, achd ní bhfuil deireadhann fós.

7 Oir éiréochuidh cineadh a naghaidh chinidh, agus ríoghachd a naghaidh ríoghachda: agus beíd górta, agus pláigheanna, agus crioth talmhan, a mórán dáitibh.

8 Achd ní bhfuil ionnta so uile achd, tosach amhgar.

9 Ann sin do bhéaruid síad sibhsi dá bhur gcéasadh, agus muirfid sibh: agus bíaidh fúath ag na huile chineadhachuibh dháoi bh ar son manmasa.

10 Ann sin do gheabhuid mórán adhbhar oilbheime, agus braithfid dáoine a cheile, agus bíaidh fúath aca dhá chéile.

11 Agus éiréochuid mórán dfáidhibh fallsa, agus meallfuid mhórán.

12 Agus do bhrigh go mbía a néagcóir ar na meadughadh, fúairéochuidh carthannachd mhóráin.

13 Achd gidh bé bhías seasmhach go deireadh, a sé shláineochthar.

14 Agus do dhéantar an soisgéulsa na ríoghachda do sheanmóir ar feadh an domhain uile; mar fhíadhnuisi do na huile chineadhachuibh; agus ann sin tiocfuidh an deireadh.

15 Ar a nadhbharsin an tráth do chífidhe adhfháthmhuireachd an léirsgrios, air ar labhair Dániel fáidh, na seasamh ann sa nionad choisreagtha: (tuigeadh, an téléaghas:)

16 Ann sin an luchd bhiás a tír Iúdaighe teitheadh síad fá na sléibhtibh:

17 An té a tá ar mhullach an tighe na tigheadh sé a nús do bhreith neithe ar bith leis as a thigh:

18 Agus an té a tá ar an machaire na fillleadh sé ar ais do thóghháil a éaduigh leis.

19 Agus budh trúagh do na mnáibh torrcha, agus don luchd do bheir cíche úatha ann sna laithibhsin.

3 And as he sat upon the mount of Olives, the disciples came unto him privately, saying, Tell us, when shall these things be? and what shall be the sign of thy coming, and of the end of the world?

4 And Jesus answered and said unto them, Take heed that no man deceive you.

5 For many shall come in my name, saying, I am Christ; and shall deceive many.

6 And ye shall hear of wars and rumours of wars: see that ye be not troubled: for all these things must come to pass, but the end is not yet.

7 For nation shall rise against nation, and kingdom against kingdom: and there shall be famines, and pestilences, and earthquakes, in divers places.

8 All these are the beginning of sorrows.

9 Then shall they deliver you up to be afflicted, and shall kill you: and ye shall be hated of all nations for my name's sake.

10 And then shall many be offended, and shall betray one another, and shall hate one another.

11 And many false prophets shall rise, and shall deceive many.

12 And because iniquity shall abound, the love of many shall wax cold.

13 But he that shall endure unto the end, the same shall be saved.

14 And this gospel of the kingdom shall be preached in all the world for a witness unto all nations; and then shall the end come.

15 When ye therefore shall see the abomination of desolation, spoken of by Daniel the prophet, stand in the holy place, (whoso readeth, let him understand:)

16 Then let them which be in Judaea flee into the mountains:

17 Let him which is on the housetop not come down to take any thing out of his house:

18 Neither let him which is in the field return back to take his clothes.

19 And woe unto them that are with child, and to them that give suck in those days!

20 Agus guidhidh gan bhur dteitheadh do bheith ann sa ngeimhreadh, na sa tsabbóid:

21 Oír bíadh amhgar mór ann tráthsín, amhail nach raibh ann ó thús an domhain gus a nois, agus nach mbiaigh go bráth.

22 Agus muna ngearruighthi na laéthe úd, ní rachadh féoil ar bith as: achd gearrfuighthear na laéthe úd ar son na ndáoine toghtha.

23 Ann sin ma deir áonduine ribh, Féuch, a tá Críosa ann so, nó ann súd; ná creididh é.

24 Oír eiréochuidh Críosa danna fallsa, agus fáidhe fallsa, agus do dheánuid comharthuidhe agus miorbhuile móra; ionnas go meallfuid síad (da madh éidir é) na dáoine toghtha féin.

25 Féuch, tug mé sgéula dháuibh roimhe a naimsir.

26 Ar a nadhbharsin dá nabruid síad ribh, Féuch, a tá sé san bhfásach; na himdhigh amach: Féuch, atá sé a seómruidhibh úaigneacha; na creididh sin.

27 Oír do réir mar thig téinnteach ó a náird shoir, agus do cíthear í go soithe a náird shíar; mar sin bhías teachd Mhic an duine.

28 Oír gidh bé ball ann a mbía an conablachd, is ann sin chruinneochthar na hioluir.

29 Ar an mball ndíiaigh trioblóide na laitheadh úd bíaidh an ghrían ar na dhorchughadh, agus ní thiobhra an ghealach a soillsi *úaithe*, agus tuitfid na réulta ó neamh, agus craithfidhthear subháilcidhe neimhe.

30 Ann sin do chífidhthear comhartha Mhic an duine ar neamh: agus ann sin caóifid treabha na talmhan uile, agus do chífid Mac an duine ag teachd a néullaibh neimhe maille ré cumhachdaibh agus ré glóir mhóir.

31 Agus cuirfidh sé a aingil le trompa agus lé guth mór, agus cruinneochuid síad a *dháoine* toghthasan ó na ceithre gáothaibh, ó leithimeal neimhe go soithe an leithimeal eile dhe.

32 Agus foghlomuidh cosamhlachd ón chrann fíge; A núair bhíos a ghéagmáoth, agus fhásas a dhuilleabhair, áitheantar gur ab fogas an samhradh:

33 Mar an gcéadna bíth a fhios agaibhsi, an tráth do chífidhe na neithisi uile, go bhfuil sé a ngar dháuibh, ann sna doirsibh.

34 A deirim ribh go fírinneach, Nach racha an dínesi thoruinn nó go ndéantar na neithe si uile.

35 Rachuidh neamh agus talamh thort, achd ní rachuid mo bhríathrasa thort *go bráth*.

20 But pray ye that your flight be not in the winter, neither on the sabbath day:

21 For then shall be great tribulation, such as was not since the beginning of the world to this time, no, nor ever shall be.

22 And except those days should be shortened, there should no flesh be saved: but for the elect's sake those days shall be shortened.

23 Then if any man shall say unto you, Lo, here is Christ, or there; believe *it* not.

24 For there shall arise false Christs, and false prophets, and shall shew great signs and wonders; insomuch that, if *it were* possible, they shall deceive the very elect.

25 Behold, I have told you before.

26 Wherefore if they shall say unto you, Behold, he is in the desert; go not forth: behold, *he is* in the secret chambers; believe *it* not.

27 For as the lightning cometh out of the east, and shineth even unto the west; so shall also the coming of the Son of man be.

28 For wheresoever the carcase is, there will the eagles be gathered together.

29 Immediately after the tribulation of those days shall the sun be darkened, and the moon shall not give her light, and the stars shall fall from heaven, and the powers of the heavens shall be shaken:

30 And then shall appear the sign of the Son of man in heaven: and then shall all the tribes of the earth mourn, and they shall see the Son of man coming in the clouds of heaven with power and great glory.

31 And he shall send his angels with a great sound of a trumpet, and they shall gather together his elect from the four winds, from one end of heaven to the other.

32 Now learn a parable of the fig tree; When his branch is yet tender, and putteth forth leaves, ye know that summer is nigh:

33 So likewise ye, when ye shall see all these things, know that it is near, *even* at the doors.

34 Verily I say unto you, This generation shall not pass, till all these things be fulfilled.

35 Heaven and earth shall pass away, but my words shall not pass away.

36 Achd ni bhfuil fios an láoi ná na húaire úd ag *duine* ar bith, ná fós, ag ainglibh neimhe, ach ag Mathairse amháin.

37 Agus amhuil laéthe Náoi, is mar sin bhías teachd Mhic an duine.

38 Oír mar do bhádar ann sna laéthibh ré ndílínn ag ithe agus ag ol, ag pósadh *ban* agus ag tabhair *ban d'fearuibh*, go soithe an lá an a ndeachuidh Naói a sdeach ann sa naírc,

39 Agus ní raibh a fhios aca nó go dtáiníc an díle, agus gur thógaibh sé lé íad uile; is mar sin bhías teachd Mhic an duine.

40 Béid días ar an machaire an tráthsin; géubhtar lé fear aca, agus fuighfidhtear an *fear* eile.

41 Béid días *ban* ag meilt ann sa mhuileann; géubhtar lé *mnáoi* aca, agus fuighfidhtear an *bhean* eile.

42 Ar a nadhbharsin déanuidhsi faire: oír ní bhfuil a fhios agaibh gá húair thiocfas bhur Dtighearna.

43 Achd bíodh a fhios so agaibh, dá mbeath a fhios ag fear an tige cí a an úair a dtíocfadh an gaduidhe, *go deimhin* do dhéanadh sé faire, agus ní fhuileongadh sé a thigh do thochailt tríd.

44 *Agus* ar a nadhbharsin bíthísi ullamh: oír is ann sa núair nach saóilti thiocfas Mac an duine.

45 Uime sin cí a tá na óglach fhírinneach ghlic, noch do chuir a thighearna ós cionn a mhuintíre, do thabhair bídh dhóibh na am féin?

46 *Is* beannuighthe an tóglach úd, á bhfuighe a thighearna ag teachd, é dhá dhéanamh mar sin.

47 Go fírinneach a deirimsi ribh, Go gcuirfe sé os cionn a bhfuil aige é.

48 Achd má a deir an drochshearbhfhoghantuidhe úd anna chroidhe, A tá mo thighearna ag cur a theachda a righneas;

49 Agus má thionnsgnann sé a chomhshearbhfhoghantuidhe féin do bhúaladh, agus fós bheith ag ithe agus ag ol a bhfochair luchd meisge;

50 Tíocfuidh tighearna a nógláoich úd ann sa lá nach bhfuil súil *aige* rís, agus ann sa núair nach bhfuil a fhios aige,

51 Agus roinnfidh sé é, agus do bhéara sé a chuid dó a bhfochair luchd an fhúarchrabhaidh: mar a mbía gul agus gíosgán fíacal.

36 But of that day and hour knoweth no *man*, no, not the angels of heaven, but my Father only.

37 But as the days of Noe *were*, so shall also the coming of the Son of man be.

38 For as in the days that were before the flood they were eating and drinking, marrying and giving in marriage, until the day that Noe entered into the ark,

39 And knew not until the flood came, and took them all away; so shall also the coming of the Son of man be.

40 Then shall two be in the field; the one shall be taken, and the other left.

41 Two *women* shall be grinding at the mill; the one shall be taken, and the other left.

42 Watch therefore: for ye know not what hour your Lord doth come.

43 But know this, that if the goodman of the house had known in what watch the thief would come, he would have watched, and would not have suffered his house to be broken up.

44 Therefore be ye also ready: for in such an hour as ye think not the Son of man cometh.

45 Who then is a faithful and wise servant, whom his lord hath made ruler over his household, to give them meat in due season?

46 Blessed is that servant, whom his lord when he cometh shall find so doing.

47 Verily I say unto you, That he shall make him ruler over all his goods.

48 But and if that evil servant shall say in his heart, My lord delayeth his coming;

49 And shall begin to smite *his* fellowservants, and to eat and drink with the drunken;

50 The lord of that servant shall come in a day when he looketh not for *him*, and in an hour that he is not aware of,

51 And shall cut him asunder, and appoint *him* his portion with the hypocrites: there shall be weeping and gnashing of teeth.

Caibidil 25

Cosmhalacht na ndeichneabhar maighdian, 14 na ttallanna, 31 agus foirm an mhoirbhreitheamhnuis.

1 Ann sin budh cosmhuil ríoghachd neimhe ré deichneabhar maighdean, do ghlac a lampuidhe, agus do chúaidh a mach do theagmháil ar an bhfear núaphósda.

2 Agus do bhí cúigear dhióbh glic, agus cúigear eile oinmhídeach.

3 Agus an chuid do bhí oinmhídeach ar nglacadh a lampuidhe, ní rugadar ola léo:

4 Achd an chuid do bhí glic rugadar ola ann a soithighibh léo ré *cois* a lampuidhe.

5 Agus ar ndéanamh moille don fhior núaphósda, do thuit smédearnach chodalta orrtha uile agus do chodladar.

6 Agus ann sa mheadhón oidhche, do rinneadh gáir, Féuch, a tá an fear núaphósda ag teachd; imdhighidh a mach do theagmháil air.

7 Ann sin do eirgheadar na hógá uile, agus do dheasuígheadar a lampuidhe.

8 Agus a dubhradar na hoínmhíde ris an gcuid nglic, Tabhruidh dhúinne cuid da bhur nola; oír a táid ar lampuidhene ar ndul as.

9 Achd do fhreagradar an chuid glic, ag rádh, Ar eagla nach mbiadh ar sáidh aguinn féin agus aguibhsi: imdhighsi ní as táosga chum na gceannuightheadh, agus ceannchuighe *ola* dhíbh féin.

10 Agus an feadh do bhádar ag dul do cheannach, táinic an fear núaphósda; agus an chuid úd do bhí ullamh, do chúadar leis a sdeach chum an phósda: agus do híadhadh an dorus.

11 Agus na dhíaighsin tángadar na hógá eile mar an gceadna, ag rádh, A Thighearna, a Thighearna, osguil dúinne.

12 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé, Go fírinneach a deirim ribh, Nach bhfuil a fhios agam cíá sibh.

13 Ar a nadhbharsin déanuidh faire, oír ní bhfuil fios an láoi ná na húaire agaibh an a dtiocfuidh Mac an duine.

14 Oír *ata ríochd neimhe* amhuil as do ghoir duine ag dul a gcoigrích, a shearbhfhoghantuidhe *chuíge*, agus tug sé a shaidhbhreas dóibh.

15 Agus tug sé cúig tallanna do dhuine aca, agus do dhuine eile a dó, agus a háon do dhuine eile; do ghach neach do réir a acfuinne; agus ar an mball do imthigh sé a gcoigrích.

Chapter 25

1 Then shall the kingdom of heaven be likened unto ten virgins, which took their lamps, and went forth to meet the bridegroom.

2 And five of them were wise, and five *were* foolish.

3 They that *were* foolish took their lamps, and took no oil with them:

4 But the wise took oil in their vessels with their lamps.

5 While the bridegroom tarried, they all slumbered and slept.

6 And at midnight there was a cry made, Behold, the bridegroom cometh; go ye out to meet him.

7 Then all those virgins arose, and trimmed their lamps.

8 And the foolish said unto the wise, Give us of your oil; for our lamps are gone out.

9 But the wise answered, saying, *Not so*; lest there be not enough for us and you: but go ye rather to them that sell, and buy for yourselves.

10 And while they went to buy, the bridegroom came; and they that were ready went in with him to the marriage: and the door was shut.

11 Afterward came also the other virgins, saying, Lord, Lord, open to us.

12 But he answered and said, Verily I say unto you, I know you not.

13 Watch therefore, for ye know neither the day nor the hour wherein the Son of man cometh.

14 For *the kingdom of heaven is* as a man travelling into a far country, *who* called his own servants, and delivered unto them his goods.

15 And unto one he gave five talents, to another two, and to another one; to every man according to his several ability; and straightway took his journey.

16 Agus do imthigh an té fúair na cúig talanna, agus do rinne sé ceannuigheachd léo, agus do ghnodhuigh sé cúig tallanna eile léo.

17 Agus ar an nós céadna an té fúair an dá thallainn, do ghnodhuigh séisean da thalluinn eile.

18 Achd do imthigh an té úd fúair a náon tallunn, agus do rinne sé tochuilt ann sa talamh, agus do fholuigh sé airgead a thighearna ann.

19 Agus tar éis aimsire faide tháinic tighearna na searbhfhoghantuidheadh úd, agus do ní sé cúntus ríu.

20 Agus ar dteachd don té fúair na cúig tallana tug sé cúig tallanna eile leis, ag rádh, A thighearna, cúig tallanna tug tú dhamhsa: féuch, do ghnodhuigh mé cúig tallanna eile léo.

21 Agus a dubhairt a thighearna ris, Is maith sin, a shearbhfhoghantuidhe mháith fhírinne: do bhí tu ionnruic ar bheagán, cuirfidh mé ós cionn mhóráin thú: imthigh a sdeach a ngáirdeachus do thighearna féin.

22 Agus ar dteachd chuige don té úd fúair an dá thallann, a dubhairt sé, A thighearna, is dá thallann thug tú dhamhsa: féuch, do ghnodhuigh mé dhá thallann eile léo.

23 A dubhairt a thighearna ris, Is maith sin, a shearbhfhoghantuidhe mhaith ionnruic; do bhí tu ionnruic a mbeagan, cuirfidh misi ós cionn mhoráin thú: imthigh a sdeach a ngáirdeachas do thighearna féin.

24 Agus ar dteachd don té úd fúair a náontallon a dubhairt sé, A thighearna, do bhí a fhios agam gur dhuine crúaidh thú, bhéanus ann sa náit nar chuir tú síól, agus chruinnigheas ann sa náit nach ar eathnuigh tú:

25 Uime sin do ghabh eagla misi, agus do imthigh mé agus do fholuigh mé do thallann ann sa talamh: féuch, ag sin do chuid féin agad.

26 Agus ar bhfreagra dhá thighearna, a dubhairt sé ris, A dhroichshearbhfhoghantuidhe fhallsa, do bhí a fhios agad go mbeanuimsi ann sa náit nach ndearna mé síólchur, agus go gcruinnighim ann sa náit nar leathnuigh mé:

27 Uime sin do budh cóir dhuitsi mo chuid airgid do thabhairt do luchd iomluit, agus ag teachd damh do gheabhuinn mo chuid féin maille lé biseach.

28 Ar a nadhbharsin beanuigh dhe an tallann, agus tabhruigh é don tí úd aga bhfuilid ne deich dtallanna.

16 Then he that had received the five talents went and traded with the same, and made *them* other five talents.

17 And likewise he that *had received* two, he also gained other two.

18 But he that had received one went and digged in the earth, and hid his lord's money.

19 After a long time the lord of those servants cometh, and reckoneth with them.

20 And so he that had received five talents came and brought other five talents, saying, Lord, thou deliveredst unto me five talents: behold, I have gained beside them five talents more.

21 His lord said unto him, Well done, *thou* good and faithful servant: thou hast been faithful over a few things, I will make thee ruler over many things: enter thou into the joy of thy lord.

22 He also that had received two talents came and said, Lord, thou deliveredst unto me two talents: behold, I have gained two other talents beside them.

23 His lord said unto him, Well done, good and faithful servant; thou hast been faithful over a few things, I will make thee ruler over many things: enter thou into the joy of thy lord.

24 Then he which had received the one talent came and said, Lord, I knew thee that thou art an hard man, reaping where thou hast not sown, and gathering where thou hast not strawed:

25 And I was afraid, and went and hid thy talent in the earth: lo, *there* thou hast *that is* thine.

26 His lord answered and said unto him, *Thou* wicked and slothful servant, thou knewest that I reap where I sowed not, and gather where I have not strawed:

27 Thou oughtest therefore to have put my money to the exchangers, and *then* at my coming I should have received mine own with usury.

28 Take therefore the talent from him, and give *it* unto him which hath ten talents.

29 (Oir do bhéarthar do ghach dhuine agá bhfuil ní, agus bíaidh a sháith aige: achd an té a tá gan ní aige toigeabhthar úadh fós an ní a tá aige.)

30 Agus teilgidh an searbhfhoghantuidhe neamhtharbhach ann sa dorchadus a tá leith a muich: mar a mbía gul agus giósgan fíacal.

31 Agus an tráth thioctas Mac an duine an a ghlóir féin agus na haingil náomhtha uile maille ris, ann sin suidhfidh sé ar chaithír a ghlóire féin:

32 Agus cruinnéochthar na huile chinidheacha an a fhíadhnuisi: agus dealóchuidh sé ó chéile íad, mar dhealuigheas an táoghaire na cáoirigh ó na meannáin:

33 Agus cuirfidh sé na cáoirigh ar a láimh dheis, agus na meannáin ar a láimh chlé.

34 Ann sin a déara an Rí ris an luchd bhías air a láimh dheis, Tigidh, a dháoine beannuighthe Matharsa, gabhuidh chugaibh óighreachd na ríoghachda a tá ar na hullmhughadh dháoihbh ó thosach an domhuin:

35 Oir do bhí ocarus oram, agus tugabhair ní ré a ithe dhamh: do bhí tart oram, agus tugabhair deoch dhamh: do bhí mé am dhuine coigcríche, agus tugabhair áoidheachd dhamh:

36 *Do bhí mé lomnochd, agus do chuireabhairsi éadach umam: do bhí mé tinn, agus tangabhair dom fhéachuin: do bhí mé a bpríosún, agus tangabhair dom ionnsaidh.*

37 Ann sin freagóruid na firéanuigh é, ag rádh, A Thighearna, gá húair do choncamairne ocaras ort, agus do shásamar *thu?* nó tart ort, agus tugamar deoch *dhuit?*

38 *Agus gá húair do chonncamar ad choigcrích thú, agus tugamar áoidheachd dhuit? nó lomnochd, agus do chuireamar éadach umad?*

39 Nó gá húair do chonncamar tinn, no a bpríosún thú, agus tangamar chugad?

40 Agus freagóruidh an Rí agus a déara sé ríu, A deirim ribh go fírinneach, An feadh do rinneabhair é don duine is lugha do na dearbhráithreachaibhsi agus, go ndearnabhair dhamhsa é.

41 Ann sin a déara sé mar gcéadna ré luchd na láimhe clé, A *dháoine* malluighthe, imthidhidh úaim ann sa teinidh shiorruídhe, atá ar na hullmhughadh don diabhal agus dá ainglibh:

42 Oir di bhí mé ocrach, agus ní thugabhair bíadh dhamh: do bhí tart oram, agus ní thugabhair deoch dhamh:

29 For unto every one that hath shall be given, and he shall have abundance: but from him that hath not shall be taken away even that which he hath.

30 And cast ye the unprofitable servant into outer darkness: there shall be weeping and gnashing of teeth.

31 When the Son of man shall come in his glory, and all the holy angels with him, then shall he sit upon the throne of his glory:

32 And before him shall be gathered all nations: and he shall separate them one from another, as a shepherd divideth *his* sheep from the goats:

33 And he shall set the sheep on his right hand, but the goats on the left.

34 Then shall the King say unto them on his right hand, Come, ye blessed of my Father, inherit the kingdom prepared for you from the foundation of the world:

35 For I was an hungred, and ye gave me meat: I was thirsty, and ye gave me drink: I was a stranger, and ye took me in:

36 Naked, and ye clothed me: I was sick, and ye visited me: I was in prison, and ye came unto me.

37 Then shall the righteous answer him, saying, Lord, when saw we thee an hungred, and fed *thee?* or thirsty, and gave thee drink?

38 When saw we thee a stranger, and took thee in? or naked, and clothed *thee?*

39 Or when saw we thee sick, or in prison, and came unto thee?

40 And the King shall answer and say unto them, Verily I say unto you, Inasmuch as ye have done *it* unto one of the least of these my brethren, ye have done *it* unto me.

41 Then shall he say also unto them on the left hand, Depart from me, ye cursed, into everlasting fire, prepared for the devil and his angels:

42 For I was an hungred, and ye gave me no meat: I was thirsty, and ye gave me no drink:

43 Do bhí mé coigríche, agus ní thugabhair áoidheachd dhamh: *do bhí mé* lomnochd, agus níor chuireabhair éadach umam: *do bhí me* éagcrúaidh, agus a bpríosún, agus ní thangabhair dom fhéachuín.

44 Ann sin do bhéaruid siádsan mar an gcéadna freagra air, ag rádh, A Thighearna, gá húair do chonncamairne ocarach, nó tartmhar, ná ad dhéoruigh, no lomnochd, nó éagcrúaidh, no a bpríosún *thú*, agus nach dearnamar friotholamh dhuit?

45 Ann sin do bhéara seisean freagra orrtha, ag rádh, A deirim ribh go firinneach, An mhéid nach dearnabhair é déinneach don mhuintir roibhigsi, nach ndearnabhair dhamhsa é.

46 Agus iméochuid so bpiannuid shíorruidhe: achd *iméochuid* na fíreunuigh don bheathuigh mharthanuigh.

Caibidil 26

Na preafáide ar pháis Chríost, 26 Agus ordughadh na comainigh náomhtha.

1 Agus tárta, an tan do chríochnuigh Iósa na bríathrasa uile, go ndubhairt sé ré na dheisciobluibh,

2 A tá a fhios agaibh go bhfuil an cháisg tair éis dá lá, agus go dtiobharthar Mac an duine dá chrochadh.

3 Ann sin do chruinnigheadar úachdaráin na sagart, agus na sgríobuidhe, agus seinnsir an phobuil, go halla a nárdshagairt, dá ngoirthior, Cáiaphas.

4 Agus do rinneadar comhairle ré chéile do chum go mbéaraidís ar Iósa a bhfeill, agus go muirfidís é.

5 Achd a dubhradar, Na déanam é ann sa bhféasda, deagla go mbíadh búaidhreadh a measg an phobuil.

6 Agus an tráth do bhí Iósa a Mbetánia a dtigh Shimóin an lóbhair,

7 Tainic bean chuige agá raibh bocsa dola rouásuil, agus do dhóirt sí é ar a cheannsan, agus é na shuidhe ar *an mbórd*.

8 Agus ar na fhaicsin *sin* dá dheisciobluibhsean, do rinneadar mícheudfuidh, ag rádh, Créd da bhfoghnann an diombhoilsi?

9 Oír do béidir a nolasa do reic ar mhórán, agus a thabhairt do na bochduibh.

10 Agus an tan do aithin Iósa so, a dubhairt sé ríu, *Créd fa gcuirthí búaidhreadh ar an mnáoi? oír do rinne sí obair mhaith am thimcheallsa.*

11 Oír béid boich do ghnáth agaibh; achd ní bhía misí do ghnáth bhur bhfochair.

43 I was a stranger, and ye took me not in: naked, and ye clothed me not: sick, and in prison, and ye visited me not.

44 Then shall they also answer him, saying, Lord, when saw we thee an hungred, or athirst, or a stranger, or naked, or sick, or in prison, and did not minister unto thee?

45 Then shall he answer them, saying, Verily I say unto you, Inasmuch as ye did *it* not to one of the least of these, ye did *it* not to me.

46 And these shall go away into everlasting punishment: but the righteous into life eternal.

Chapter 26

1 And it came to pass, when Jesus had finished all these sayings, he said unto his disciples,

2 *Ye know that after two days is the feast of the passover, and the Son of man is betrayed to be crucified.*

3 Then assembled together the chief priests, and the scribes, and the elders of the people, unto the palace of the high priest, who was called Caiaphas,

4 And consulted that they might take Jesus by subtilty, and kill *him*.

5 But they said, Not on the feast *day*, lest there be an uproar among the people.

6 Now when Jesus was in Bethany, in the house of Simon the leper,

7 There came unto him a woman having an alabaster box of very precious ointment, and poured it on his head, as he sat *at meat*.

8 But when his disciples saw *it*, they had indignation, saying, To what purpose *is* this waste?

9 For this ointment might have been sold for much, and given to the poor.

10 When Jesus understood *it*, he said unto them, *Why trouble ye the woman? for she hath wrought a good work upon me.*

11 For ye have the poor always with you; but me ye have not always.

12 Oír ar ndórtadh na holasa ar mo chorpса dhí, is fa chomhair madhluice do rinne sí é.

13 A deirim ribh go firinneach, Gidh bé ar bith ball ar feadh an domhuin, a ndéantar an sóisgéulsa do sheanmóir, go naithréosdar mar an gcéadna an nisi do rinne an bheansa, mar chuimhne uirrthe.

14 Ann sin do imthigh fear don dá fhear dhég, dar ab ainm Iúdas Iscariótes, chum úachdarán na sagart.

15 Agus a dubhairt sé ríu, Créd do bhéartháoi dhamhsa, agus braithfidh mé dháoi bh é? Agus do mheadhuigheadar dhó deích bhpíosa fhichead airgid.

16 Agus ó sin a mach, do íarr sé úain airsean do bhrath.

17 Agus an chéad lá a naráin gan laibhín tangadar a dheisciobuil chum Iósa, ag rádh ris, Cía a náit an as toil leachd sinne do dhéanamh ullmhuighthe dhuit do chaitheamh na cásга?

18 Agus a dubhairt seisean, **Imdhigh don chathruigh go duine áirighe, agus abruidh ris, A deir an Maighisdir, A tá maimsear ag drud riom; is ad thighsi do dhéana mé fein agus mo dheisciobuil an cháisg.**

19 Agus do rinneadar na deisciobuil mar do aithin Iósa dhíobh; agus do ullmuigheadar an cháisg.

20 Agus an tan do bhí deireadh an láoi ann, do shuidh sé a bhfochair an dá fhear dhéug.

21 Agus ar mbeith ag ithe *bídh* dhóibh, a dubhairt sé, **A deirim ribh go firinneach, go mbraithfi fear dhíbh misi.**

22 Agus do ghabh do bhrón romhór íadsan, agus do thionnsgain gach duine aca fá leith a rádh ris, An misi é, a Thighearna?

23 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé, **An té thumas a lámh ann sa méis am fhochairsi, a sé bhraithfeas misi.**

24 **Go deimhin a tá Mac an duine ag imtheachd do réir mar sgríobhtar air, achd is anáoi bhinn don té lé mbraithtear Mac an duine! do budh maith dó nach béartháoi é.**

25 Agus ar bhfreagra do Iúdas, do bhraith eisean, a dubhairt sé, An misi é, a Mháighisdir? A dubhairt seisean ris, **A dubhairt tú é.**

26 Agus ar mbeith ag ithe *bídh* dhóibh, do ghlac Iósa arán, agus tar éis a bheannuighthe, do bhris, agus tug sé dhá dhéisciobluibh é, agus a dubhairt sé, **Glacuidh, ithidh; a sé so mo chorpса.**

27 Agus ar mbreith ar an gcupan dó, agus ar dtabhairt buidheachuis, tug sé dhóibh é, ag rádh, **Ibhídh uile as so;**

12 For in that she hath poured this ointment on my body, she did *it* for my burial.

13 Verily I say unto you, Wheresoever this gospel shall be preached in the whole world, *there* shall also this, that this woman hath done, be told for a memorial of her.

14 Then one of the twelve, called Judas Iscariot, went unto the chief priests,

15 And said *unto them*, What will ye give me, and I will deliver him unto you? And they covenanted with him for thirty pieces of silver.

16 And from that time he sought opportunity to betray him.

17 Now the first *day* of the feast of unleavened bread the disciples came to Jesus, saying unto him, Where wilt thou that we prepare for thee to eat the passover?

18 And he said, **Go into the city to such a man, and say unto him, The Master saith, My time is at hand; I will keep the passover at thy house with my disciples.**

19 And the disciples did as Jesus had appointed them; and they made ready the passover.

20 Now when the even was come, he sat down with the twelve.

21 And as they did eat, he said, **Verily I say unto you, that one of you shall betray me.**

22 And they were exceeding sorrowful, and began every one of them to say unto him, Lord, is it I?

23 And he answered and said, **He that dippeth his hand with me in the dish, the same shall betray me.**

24 The Son of man goeth as it is written of him: but woe unto that man by whom the Son of man is betrayed! it had been good for that man if he had not been born.

25 Then Judas, which betrayed him, answered and said, Master, is it I? He said unto him, **Thou hast said.**

26 And as they were eating, Jesus took bread, and blessed *it*, and brake *it*, and gave *it* to the disciples, and said, **Take, eat; this is my body.**

27 And he took the cup, and gave thanks, and gave *it* to them, saying, **Drink ye all of it;**

28 Oír is í so mfuilsi na tiomna núaidhe, dhoirtear ar son mhóráin chum maitheamhnais na bpeacadh.

29 A deirim ribh, Uadh só súas ní íobha mé don toradh na fineamhna, go soithe an lá úd an a niobha mé é go nuá máille ribhsi a rioghachd Mathar.

30 Agus a núir do chánadar salm, do chúadar a mach go slíabh na noluidheadh.

31 Ann sinn a deir Iósa ríu, **Do gheabhtháoi uile oilbhéim ionnamsa a nochd: oír a tá sgríobhtha, Buailfidh mé an táodhuire, agus scabfuidhthear cáoirigh an tréada.**

32 Agus tar éis misí eiseirghe, rachuidh mé romhuibh don Ghalilé.

33 Agus ar bhfreagra do Pheadar a dubhairt sé ris, Da mbeith go bhfuighidís cách uile oilbhéim ionnad, ní bhfuighe misí oilbhéim ionnad go bráth.

34 A dubhairt Iósa risean, **A deirim riot go firinneach, Suil ghláoidhfeas an coileach a nochd, séanfa tú mé trí húaire.**

35 A deir Peadar ris, Go deimhin más éigin damh bás dfulang ad fhóchair, ní shéanfa mé thú. Agus a dubhradar na deisciobuil uile mar an gcéadna.

36 Do chúaidh Iósa léo an trathsín do nionad dá ngoirthear Gétsémane, agus a deir sé ré na dheisciobluibh, **Suidhghisí ann so, go ndeacha misí do dhéanamh urnuighthe ann súd a nunn.**

37 Agus ar mbreith Pheadair agus deisi mac Sebedeí leis, do thionnsgain sé bheith go dobrónach agus go rothuirseach.

38 Ann sin a deir sé ríu, **A tá manám lán do dhobrón, go soithe an bhás: fanuidhsí ann so, agus déanaidh faire am fhochair.**

39 Agus ar nimtheachd dó beagán *as sin*, do leig sé é féin síos ar a aghuidh, ag déanamh urnuighe, agus ag rádh, **A Athair, mas éidir é, gabhadh an cupánsa thoramsa: achd cheana na bíodh sé mór is toil leamsa, achd mar is áill leatsa.**

40 Agus tig sé chum a dheisciobal, agus do gheibh sé na gcodladh íad, agus a deir sé ré Peadar, **An mar sin, nar bhéidir libh faire do dhéanamh áonuáir a mháin am fhochairsi?**

41 Déanuidh faire agus urnuighthe, do chum nach ttuitfeadh sibh a gcathughadh: **A tá an spiorad go deimhin ullamh, achd a tá an cholann anbhfann.**

42 Do imthigh sé an dara húaí, agus do rinne sé urnuighthe, ag rádh, **A Athair, má tá nach éidir leis an gcupánsa dul thoram, gan mé dhá ol, deantar do thoilse.**

28 For this is my blood of the new testament, which is shed for many for the remission of sins.

29 But I say unto you, I will not drink henceforth of this fruit of the vine, until that day when I drink it new with you in my Father's kingdom.

30 And when they had sung an hymn, they went out into the mount of Olives.

31 Then saith Jesus unto them, **All ye shall be offended because of me this night: for it is written, I will smite the shepherd, and the sheep of the flock shall be scattered abroad.**

32 But after I am risen again, I will go before you into Galilee.

33 Peter answered and said unto him, Though all *men* shall be offended because of thee, *yet* will I never be offended.

34 Jesus said unto him, **Verily I say unto thee, That this night, before the cock crow, thou shalt deny me thrice.**

35 Peter said unto him, Though I should die with thee, yet will I not deny thee. Likewise also said all the disciples.

36 Then cometh Jesus with them unto a place called Gethsemane, and saith unto the disciples, **Sit ye here, while I go and pray yonder.**

37 And he took with him Peter and the two sons of Zebedee, and began to be sorrowful and very heavy.

38 Then saith he unto them, **My soul is exceeding sorrowful, even unto death: tarry ye here, and watch with me.**

39 And he went a little further, and fell on his face, and prayed, saying, **O my Father, if it be possible, let this cup pass from me: nevertheless not as I will, but as thou wilt.**

40 And he cometh unto the disciples, and findeth them asleep, and saith unto Peter, **What, could ye not watch with me one hour?**

41 Watch and pray, that ye enter not into temptation: the spirit indeed *is* willing, but the flesh *is* weak.

42 He went away again the second time, and prayed, saying, **O my Father, if this cup may not pass away from me, except I drink it, thy will be done.**

43 Agus ar dteachd dhó fúair sé a ris na geodladh íad: oír do bhádar a súile tróm.

44 Agus ar na bhfagbháil, do imthigh sé a rís, agus do rinne sé urnuighe an treas úair, ag rádh na mbriathar céadna.

45 Ann sin tig sé chum a dheisciobal, agus a deir sé ríu, **Codluidh feasda, agus comhnuighidh: féuch, do dhruid a núair rinn, agus a tá Mac an duine agá thabhairt a lámhaibh na bpeacach.**

46 Éirghidh, bíom ag imtheachd, féuch, is fogus *duinn* an té bhraitheas misi.

47 Agus an feadh do bhí sé ag rádh ná mhriatharsa, féuch, táinic Iúdas, duine don dá fhear dhég, agus cuideachda mhór na fhochair maille lé cloidhmhibh agus lé batuidhibh, ó úachdaránuibh na sagart, agus ó shinnsearuibh an phobail.

48 Achd tug an fear do bhrath é comhartha dhóibhsean, ag rádh, Giodh bé neach dhá dtiobhra misi póg, a sé sin é: beiridh air.

49 Agus ar an mball a núair tháinic sé chum Iósa, a dubhairt sé, Go mbeannuighthear dhuit, a mhaighisdir; agus tug sé póg dhó.

50 Agus a dubhairt Iósa risean, **A chara, créd fá dtáinic tú?** Tangadarsan an tráthsin, agus do chuireadar lámh a Niósa, agus do ghabhadar é.

51 Agus, féuch, síneadh a láimhe dfior don mhuintir do bhí a bhfochair Iósa, do tharraing sé a chloidheamh *a mach*, agus ar mbúaladh searbhfhoghantuíghe a nárdshagairt, do bhean sé a chlúas de.

52 Ann sin a deir Iósa ris, **Cuir do chloidheamh a rís an a ionad féin: oír gach uile dhuine ghlacus cloidheamh is le cloidheamh thuitfeas sé.**

53 A né nach saóileann tú gur ab éidir leamsa Mathair do ghuidhe a nois, agus do bhéaradh sé dhamh do láthair ní sa mhó ná dhá léghión dég dainglibh?

54 Achd cionnas do coimhlíonfuidhthe mar sin na sgrioptúirí, gur ab mar so is éigin a bheith.

55 A dubhairt Iósa ris an tslúagh a núairsin, **Tangabhair a mach amhuil chum biothumhnaigh le cloidhmhe agus lé batuidhe dom ghlacadhsa? do bhínn am shuidhe gach áon lá eadruibh sa teampoll ag teagasg, agus ní rugabhair oram.**

56 Achd táinic so uile chum críche, ionnas go gcoimhlíonfuidhthe sgrioptúiridhe na bhfáidheadh. Ar na thréigean dá dheisciobluibh uile ann sin, do theitheadar.

57 Agus ar mbreith ar Iósa dhoibhsean rugadar léo chum Caipháis an tárdshagart é,

43 And he came and found them asleep again: for their eyes were heavy.

44 And he left them, and went away again, and prayed the third time, saying the same words.

45 Then cometh he to his disciples, and saith unto them, **Sleep on now, and take your rest: behold, the hour is at hand, and the Son of man is betrayed into the hands of sinners.**

46 Rise, let us be going: behold, he is at hand that doth betray me.

47 And while he yet spake, lo, Judas, one of the twelve, came, and with him a great multitude with swords and staves, from the chief priests and elders of the people.

48 Now he that betrayed him gave them a sign, saying, Whomsoever I shall kiss, that same is he: hold him fast.

49 And forthwith he came to Jesus, and said, Hail, master; and kissed him.

50 And Jesus said unto him, **Friend, wherefore art thou come?** Then came they, and laid hands on Jesus, and took him.

51 And, behold, one of them which were with Jesus stretched out *his* hand, and drew his sword, and struck a servant of the high priest's, and smote off his ear.

52 Then said Jesus unto him, **Put up again thy sword into his place: for all they that take the sword shall perish with the sword.**

53 Thinkest thou that I cannot now pray to my Father, and he shall presently give me more than twelve legions of angels?

54 But how then shall the scriptures be fulfilled, that thus it must be?

55 In that same hour said Jesus to the multitudes, **Are ye come out as against a thief with swords and staves for to take me? I sat daily with you teaching in the temple, and ye laid no hold on me.**

56 But all this was done, that the scriptures of the prophets might be fulfilled. Then all the disciples forsook him, and fled.

57 And they that had laid hold on Jesus led *him* away to Caiaphas the high priest, where

mar a rabhadar na sgrìobuidhe agus na sinnsir cruinn.

58 Agus do lean Peadar a bhfad úadh é, go palais a nardshagairt, agus ar ndul a sdeach dhó, do shuidh sé a bhfochair na searbhfhoghantuidheadh, do chum go bhfaicfeadh sé an deireadh.

59 Agus do iarradar úachdaráin na sagart, agus na seinnsir, agus an chomhairle uile, fiadhnuisi bhréige a naghuidh Iósa, ionnas go gcuirfidis chum báis é;

60 Agus ní fhúaradar: agus fós, gé thangadar mórán d'fiadhnuisibh fallsa, ní fhúaradar. Agus fa dheireadh ar dteachd do dhíás d'fiadhnuisibh bréagacha,

61 A dubhradar, A dubhairt an *fearso*, Is éidir leamsa teampoll De do leagadh, agus a thógbhail a dtrí lá.

62 Agus ar néirghe do nardshagart, a dubhairt sé ris, Nach ttugann tú freagra éigin úait? créd fa bhfuilid so ag déanamh fiadhnuisi ad aghuidh?

63 Gidheadh níor labhair Iósa áonfhocal. Agus do fhreagair an tárdshagart agus a dubhairt sé ris, Cuirim ort a huchd Dé bhí, innisin dúinn an tú Críosa, Mac Dé.

64 A deir Iosa ris, **A dubhairt tusa é: achd cheana a deirimsi ribh, Na dhiaigh so do chifidhe Mac an duine na shuidhe ar deas láimh chumhachd Dé, agus ag teachd a néullibh neimhe.**

65 Ann sin do réub an tárdshagart a éaduighe, ag rádh, Gur labhair sé blaisphéime; créd í a nuireasbhuidh fiadhnuisi a tá oruinn ní sa mó? féuch, do chúalabhair a nois a bhlaisphéime.

66 Créd do cíthear dháobhsi? Agus ar bhfreagra dhóibhsean a dubhradar, Do thuill sé bás.

67 Ann sin do ghabhadar do sheilidhibh an a éadan, agus do ghabhadar do bhasuibh air; agus do ghabhadar dream eile do shlataibh air,

68 Ag rádh, Deuna faidheadóireachd dhúinn, a Chríosa, Cía bhúail thú?

69 Agus do bhí Peadar na shuidhe a muigh ann sa halla: agus táinic cailin aírídhe chuige, ag rádh, Do bhí tusa leis a bhfochair Iósa an Galiléach.

70 Achd do shéan seisean a bhfiadhnuisi *cháich* uile, ag rádh, Ní fheidir mé créd a deir tú.

71 Agus ar ndul a mach dhó ann sa phóirsi, do chonnaire *cailín* eile é, agus a dubhairt sí rís an luchd do bhí a lathair, Do bhí an *fearsa* leis a bhfochair Iósa Násardha.

the scribes and the elders were assembled.

58 But Peter followed him afar off unto the high priest's palace, and went in, and sat with the servants, to see the end.

59 Now the chief priests, and elders, and all the council, sought false witness against Jesus, to put him to death;

60 But found none: yea, though many false witnesses came, *yet* found they none. At the last came two false witnesses,

61 And said, This *fellow* said, I am able to destroy the temple of God, and to build it in three days.

62 And the high priest arose, and said unto him, Answerest thou nothing? what *is it which* these witness against thee?

63 But Jesus held his peace. And the high priest answered and said unto him, I adjure thee by the living God, that thou tell us whether thou be the Christ, the Son of God.

64 Jesus saith unto him, **Thou hast said: nevertheless I say unto you, Hereafter shall ye see the Son of man sitting on the right hand of power, and coming in the clouds of heaven.**

65 Then the high priest rent his clothes, saying, He hath spoken blasphemy; what further need have we of witnesses? behold, now ye have heard his blasphemy.

66 What think ye? They answered and said, He is guilty of death.

67 Then did they spit in his face, and buffeted him; and others smote him with the palms of their hands,

68 Saying, Prophecy unto us, thou Christ, Who is he that smote thee?

69 Now Peter sat without in the palace: and a damsel came unto him, saying, Thou also wast with Jesus of Galilee.

70 But he denied before *them* all, saying, I know not what thou sayest.

71 And when he was gone out into the porch, another *maid* saw him, and said unto them that were there, This *fellow* was also with Jesus of Nazareth.

72 Agus do shéan sé a rís maille ré mionnaibh, Ní haithne dhamh an duinesin.

73 Agus tamall na dhíaigh sin tangadar an dream do bhí na seasamh a láthair, agus a dubhradar ré Peadar, Go fírinneach is díobh súd féin thusa; óir a tá do chamnt féin dod bhrath.

74 Ann sin do thionnsgain sé bheith ag mallughadh agus ag mionnughadh, Ní haithne dhamh an duine. Agus ar an mball do ghláoidh an coileach.

75 Agus ann sin do chuimhnigh Peadar ar bhríathruibh Iósa, a dubhairt ris, **Suil ghoirfeas an coileach, séanfuidh tú mé trí húaire.** Agus ar ndul a mach dhó, do ghuil sé go géur.

Caibidil 27

Eachdardha a ttáobh pháis, 50 Bháis, 66 agus Adhlaicthe Chríost.

1 Agus ar tteachd na maidne, do chúadar na hárdsgart, agus sinnsir an phobuil uile a ccomhuirle a naghuidh Iósa ionnas go ccuirfidis chúm báis é:

2 Agus ar na cheangal dhóibh, rugadar léo é, agus thugadar do Phóinnsius Piláit an túachdarán é.

3 Ann sin mar do chonnaire Iúdas, do bhraith é, gur damnuigheadh é, do ghabh aithreachas e, agus do aisig sé na deich bpiósa fhiththead airgid do na hárdsgartuibh agus do na sinnsearuibh,

4 Ag rádh, Do pheacaigh mé ag brath na fola neimhchiontaigh. Achd a dubhradarsan, Créd é *sin* dúinne? féuch féin *dó sin*.

5 Agus ar dteilgean na bpiósadh airgid úadh ann sa teampoll, do dhealuigh sé ríu, agus ar nimtheachd do thochd sé é féin.

6 Achd ar nglacadh an airgid do na hárdsgartuibh, a dubhradar, Ní coír a gcur ann sa chisde, oir is lúach fola iad.

7 Agus ar ndéanamh comhairle dhóibhsean, do cheannchadar léo mach an photadóir, do chum eachdrann dadhlucadh ann.

8 Ar a nadhbharsin goirthear don fhearunn úd, Fearann na fola, gus a niugh.

9 (Ann sin do coimhlíonadh an ní a dubhradh tré Ieremías fáidh, ag rádh, Do ghabhadar chuca na deich nairgid fhiththead, lúach an té do measadh, do bhí ar ná mheas ó chlannuibh Israél;

10 Agus tugadar iad ar mhach an photadóir, mar dórdúigh an Tighearna dhamhsa.)

72 And again he denied with an oath, I do not know the man.

73 And after a while came unto *him* they that stood by, and said to Peter, Surely thou also art *one* of them; for thy speech bewrayeth thee.

74 Then began he to curse and to swear, *saying*, I know not the man. And immediately the cock crew.

75 And Peter remembered the word of Jesus, which said unto him, **Before the cock crow, thou shalt deny me thrice.** And he went out, and wept bitterly.

Chapter 27

1 When the morning was come, all the chief priests and elders of the people took counsel against Jesus to put him to death:

2 And when they had bound him, they led *him* away, and delivered him to Pontius Pilate the governor.

3 Then Judas, which had betrayed him, when he saw that he was condemned, repented himself, and brought again the thirty pieces of silver to the chief priests and elders,

4 Saying, I have sinned in that I have betrayed the innocent blood. And they said, What *is that* to us? see thou *to that*.

5 And he cast down the pieces of silver in the temple, and departed, and went and hanged himself.

6 And the chief priests took the silver pieces, and said, It is not lawful for to put them into the treasury, because it is the price of blood.

7 And they took counsel, and bought with them the potter's field, to bury strangers in.

8 Wherefore that field was called, The field of blood, unto this day.

9 Then was fulfilled that which was spoken by Jeremy the prophet, saying, And they took the thirty pieces of silver, the price of him that was valued, whom they of the children of Israel did value;

10 And gave them for the potter's field, as the Lord appointed me.

11 Agus do sheas Iósa a bhfiadhnuisi an úachdaráin: agus do fhiafruigh an túachdarán de, ag rádh, An tusa an Rí úd na Niúdaighe? Agus a dubhairt Iósa ris, **A deir tusa sin.**

12 Agus an tan do éligheadar na háldsagairt agus ná sinnsir é, níor fhreagair sé én ní.

13 A deir Píoláit ris an tansin, An né nach ccluín tú créd a líonmhuireachda táid so do dhéanamh dfiadhnuisi ad aghaidh?

14 Agus ní thug sé freagra ar éanfocal do; ionnus gur ghabh iongantus mór an túachdarán.

15 Achd cheana do chleachdadh an túachdarán bráighe do leigean a mach lá an fheusda chum an phobuil, an té budh áill léo.

16 Agus do bhí aca an tan sin braighe ró oirdheirc dar bhainm Barabbás.

17 Ar a nadhbharsin ar na gcruínniughadhsan, a dubhairt Píoláit rui, Cía is toil libh do léigean chugaibh? Barabbas, nó Iósa ré nabarthar Críod?

18 Oír do bhí a fhios aige gur ab tré thnúth tugadar úatha é.

19 Agus ar suidhe dhósan an a ccaithir bhreitheamhnus, do chuir a bhean teachduireachd chuige, ag rádh, Ná biodh búain agad ris an bhfiréun úd: oír is mór do fhuiling misi a níugh a mbrionglóid ar a shon.

20 Achd cheana tugadar úachdaráin na sagart agus na sinnsir fá deara don phobal Barabbás diarruigh, agus Iósa do chur chum báis.

21 Agus ar bhfreagra don úachdarán a dubhairt sé ríu, Cía don días úd is mían libh do léigean chugaibh *dhamh*? Achd a dubhradarsan, Barabbás.

22 A dubhairt Píoláid ríu, Ar an nadhbharsin créd do dhéana mé ré Híosa, re nabarthar Críod? a dubhradarsan uile ris, Crochthar é.

23 Agus a dubhairt an túachdarán, Créd é, an tolc do rinne se? Achd is móide do éighmheadarsan, ag rádh, Crochthar é.

24 Agus ar bhfaicsin do Phióláid nach raibh tarbha dhó an én ní, achd gur mó an bhúairt tháinic dhe, ar ngabháil uisge chuige, do ionnail sé a lámha a bhfiadhnuisi an phobail, ag rádh, A táimsi neimhchiontach ó fhuil an fhiréanuigh so: féuchuidhsí *dhibh féin*.

25 Agus ar bhfreagra don phobal uile, a dubhradar, Biodh a fhuil oruinne, agus air ar gcloinn.

26 Do léig sé chuca an tan sin Barabbás: agus ar sgiúrsadh Iósa, tug sé chum a crochda é.

27 Ann sin rugadar saighdiúirí an úachdaráin Iósa léo don halla choitchionn, agus do

11 And Jesus stood before the governor: and the governor asked him, saying, Art thou the King of the Jews? And Jesus said unto him, **Thou sayest.**

12 And when he was accused of the chief priests and elders, he answered nothing.

13 Then said Pilate unto him, Hearest thou not how many things they witness against thee?

14 And he answered him to never a word; insomuch that the governor marvelled greatly.

15 Now at *that* feast the governor was wont to release unto the people a prisoner, whom they would.

16 And they had then a notable prisoner, called Barabbas.

17 Therefore when they were gathered together, Pilate said unto them, Whom will ye that I release unto you? Barabbas, or Jesus which is called Christ?

18 For he knew that for envy they had delivered him.

19 When he was set down on the judgment seat, his wife sent unto him, saying, Have thou nothing to do with that just man: for I have suffered many things this day in a dream because of him.

20 But the chief priests and elders persuaded the multitude that they should ask Barabbas, and destroy Jesus.

21 The governor answered and said unto them, Whether of the twain will ye that I release unto you? They said, Barabbas.

22 Pilate saith unto them, What shall I do then with Jesus which is called Christ? *They* all say unto him, Let him be crucified.

23 And the governor said, Why, what evil hath he done? But they cried out the more, saying, Let him be crucified.

24 When Pilate saw that he could prevail nothing, but *that* rather a tumult was made, he took water, and washed *his* hands before the multitude, saying, I am innocent of the blood of this just person: see ye *to it*.

25 Then answered all the people, and said, His blood *be* on us, and on our children.

26 Then released he Barabbas unto them: and when he had scourged Jesus, he delivered *him* to be crucified.

27 Then the soldiers of the governor took Jesus into the common hall, and gathered

chruinnigheadar an chuideachda *shaighdiúr* uile na thimcheall.

28 Agus do nochdadar é, agus do chuireadar brat córcra uime.

29 Agus do fhígheadar coróu spíne, agus do chuireadar fá na cheann í, agus slat ghiolcuigh an a láimh dheis: agus do léigeadar ar a nglúinibh na fhiadhnuisi íad, agus do rinneadar fónamhad fáoi, ag rádh, Dia do bheatha, a rí na Niudaigheadh!

30 Agus an tan do ghabhadar do sheilighibh air, do ghlacadar an tslat ghiolcuigh, agus do bhúailleadar an a cheann é.

31 Agus an tan do rinneadar fonámhad fáoi, do bheanadar an róba dhe, agus do chuireadar a éuduíghe féin uime, agus rugadar a mach é chum a chrochda.

32 Agus ar ndul a mach dhóibh, fúradar óglach ó Shírene, dar bhaimn Símon: agus do chuireadar dfiachuibh air dul leis do chum a chroiche diomchar.

33 Agus an tan tangadar gus an ionad dar ab ainm Golgótá, (is ionnan sin ré rádh, agus áit na cloigne.)

34 Tugadar bhíneigre agus domblas trí na chéile ré nól dhó: agus an tan do bhláis sé é, níor bháill leis a ól.

35 Agus a ndiáigh a chrochda dhóibh, do roinneadar a éaduighe, ag cur cranchuir *orrtha*: ionnas go gcomhlíonfuidhe an ní a dubhradh ón fháidh, Do roinneadar méaduighe dhóibh féin, agus do chuireadar crannchar ar mo chúluidh.

36 Agus ar suidhe dhóibh, do choimhead siad é ann sin;

37 Agus do chuireadar a choir bháis sgríobhtha ós a chionn, IS E SO IOSA RI NA NIUDAIGHEADH.

38 Do crochadh días gaduidhe maille ris an tan sin, fear ar a dheis, agus fear ar láimh chlí.

39 Agus an mhuinntir do ghabhadh tháiris do imdheargaidís é, ag crothadh a gceann.

40 Agus ag radh, Thusa leagus an teampoll, agus chuirios súas a dtrí lá é, fóir ort féin. Mas tú Mac Dé tárr a nús as an gcroich.

41 Agus mar an gcéadna a dubhradar úachdaráin na sagart, maille ris na sgríobuidhibh agus ris na sinnsearuibh, ag fonámhad *fáoi*,

42 Do fhóir sé ar dháoinibh eile; agus ní heidir leis é féin dfhóirighin. Más é Rí Israél, tigeadh sé a nús a nois an an gcroich, agus creidfiomáoidne dhó.

unto him the whole band *of soldiers*.

28 And they stripped him, and put on him a scarlet robe.

29 And when they had platted a crown of thorns, they put *it* upon his head, and a reed in his right hand: and they bowed the knee before him, and mocked him, saying, Hail, King of the Jews!

30 And they spit upon him, and took the reed, and smote him on the head.

31 And after that they had mocked him, they took the robe off from him, and put his own raiment on him, and led him away to crucify *him*.

32 And as they came out, they found a man of Cyrene, Simon by name: him they compelled to bear his cross.

33 And when they were come unto a place called Golgotha, that is to say, a place of a skull,

34 They gave him vinegar to drink mingled with gall: and when he had tasted *thereof*, he would not drink.

35 And they crucified him, and parted his garments, casting lots: that it might be fulfilled which was spoken by the prophet, They parted my garments among them, and upon my vesture did they cast lots.

36 And sitting down they watched him there;

37 And set up over his head his accusation written, THIS IS JESUS THE KING OF THE JEWS.

38 Then were there two thieves crucified with him, one on the right hand, and another on the left.

39 And they that passed by reviled him, wagging their heads,

40 And saying, Thou that destroyest the temple, and buildest *it* in three days, save thyself. If thou be the Son of God, come down from the cross.

41 Likewise also the chief priests mocking *him*, with the scribes and elders, said,

42 He saved others; himself he cannot save. If he be the King of Israel, let him now come down from the cross, and we will believe him.

43 Do bhí a dhóchus a Ndíá; sáoradh sé é a nois, mas áill leis é: óir a dubhairt sé, Is misi Mac Dé.

44 Agus tugadar na gaduighthe, do chrochadh maráon ris, an *scannail* chéadna dhó.

45 Agus do bhí dorchadas ar an dtalamh uile ón seiseadh húair go sóithe an náomhadh húair.

46 Agus timcheall an náomhadh húair do éigh Iósa do ghuth ard, ag rádh, **Eli, Eli, lama Sabactáni? sé sin re rádh, Mo Dhía, mo Dhiá, créd far thréig tú mé?**

47 Agus ar na chloisdin sin a dubhradar cuid dá raibh na seasamh a láthair an sin, Atá an *fearso* ag gairm Elías.

48 Agus do rith fear dhiobh ar an mball, agus ar nglacadh spuinc, agus ar na lionadh do bhinéigre, agus ar na chur a dtimcheall shlaite ghiolcaigh, tug sé *deoch* dhó ré nól.

49 Achd a dubhradar an chuid eile, Léig dhó, faiceam an dtiocfa Elías dá sháoradh.

50 Agus ar néigheamh a rís Díosa, do ghuth mhór, do chúaidh a spiorad as.

51 Agus, féuch, do réub brat roinnte an teampoill na dhá chuid ó úachdar go hióchdar; agus do criothnuigh an talamh agus do sgoilteadar na cairgeach;

52 Agus dosgladar na tuámaidhe; agus déirgheadar morán do chorpuibh na *ndáoine* náomhtha do bhí na gcodladh,

53 Agus ar ndul a mach as na tuámuidhibh dhóibh a ndiaigh a eiséirghesean, do chúadar a sdeach don chathuir náomhtha, agus do fhoillsigheadar íad féin do mhórán.

54 Achd ar bhfaicsin an chreatha talmhon, agus na neitheadh do éirigh ann, don chaptín agus dá raibh na fhochair, ag coimhead Iósa, do ghabh eagla mhór íad, ag rádh, Go fírinneach dob é so mac Dé.

55 Agus do bhadar ann sin móran ban ag féachain air a bhfad úadh, nach do lean Iósa ón Ghalile, ag déanamh seirbhise dhó.

56 Eidir a raibh Muire Mágdalén, agus Muire mathair Sheamuis, agus Iosé, agus mathair chloinne Sebedeí.

57 Achd an tan do bhí deireadh an láoi ann, táinic duine saidhbhir ó Arimatéa, dár bhainm Ióseph, do bhí fós na dheisciobal ag Iósa:

58 Agus do chúaidh sé dionsuighe Phioláid, agus díarr sé corp Iósa. Ann sin a dubhairt Pioláid an corp do thabhairt *do*.

59 Agus an tan fúair Ióseph an corp, do fhíll sé línéudach glan na thimcheall,

60 Agus do chuir sé an a thuáma nuá féin é, noch do thochuil sé a gcarruig: agus ar

43 He trusted in God; let him deliver him now, if he will have him: for he said, I am the Son of God.

44 The thieves also, which were crucified with him, cast the same in his teeth.

45 Now from the sixth hour there was darkness over all the land unto the ninth hour.

46 And about the ninth hour Jesus cried with a loud voice, saying, **Eli, Eli, lama sabachthani?** that is to say, **My God, my God, why hast thou forsaken me?**

47 Some of them that stood there, when they heard *that*, said, This *man* calleth for Elias.

48 And straightway one of them ran, and took a sponge, and filled *it* with vinegar, and put *it* on a reed, and gave him to drink.

49 The rest said, Let be, let us see whether Elias will come to save him.

50 Jesus, when he had cried again with a loud voice, yielded up the ghost.

51 And, behold, the veil of the temple was rent in twain from the top to the bottom; and the earth did quake, and the rocks rent;

52 And the graves were opened; and many bodies of the saints which slept arose,

53 And came out of the graves after his resurrection, and went into the holy city, and appeared unto many.

54 Now when the centurion, and they that were with him, watching Jesus, saw the earthquake, and those things that were done, they feared greatly, saying, Truly this was the Son of God.

55 And many women were there beholding afar off, which followed Jesus from Galilee, ministering unto him:

56 Among which was Mary Magdalene, and Mary the mother of James and Joses, and the mother of Zebedee's children.

57 When the even was come, there came a rich man of Arimathæa, named Joseph, who also himself was Jesus' disciple:

58 He went to Pilate, and begged the body of Jesus. Then Pilate commanded the body to be delivered.

59 And when Joseph had taken the body, he wrapped it in a clean linen cloth,

60 And laid it in his own new tomb, which he had hewn out in the rock: and he rolled a great

niompodh leice móire dhó air dhoruis an túama, do imthigh sé *roimhe*.

61 Agus do bhí Muire Mhagdalén, agus an Muire eile ann sin na suidhe as comhair an túama.

62 Agus an lá andiaigh a nullmhuighthe, do chruinnigheadar úachdaráin na sagart agus na Phairisínigh go Píoláid,

63 Ag rádh, A thighearna, is cuimhain linn an tan do bhí an mealltóir úd béo, **go ndubhairt sé, Eireóchuidh mé tair éis thrí lá.**

64 Ar a nadhbharsin aithin coimhéad do chur ar an ttúama go ceann an treas lá, ar eagla go dtiucfaidis a dheisciobail annsa noidhche, agus go ngoidfidis é, agus go naibéoradís ris an bpobal, Do éirigh sé ó mharbhuibh: agus bíaidh an seachrán dheigheanach ni is measa ná an chéud *seachrán*.

65 A dubhairt Píoláit ríu, Atá faire agaibhsi: imthighidh, daingnidh mar is éol dáobh *féin é*.

66 Agus ar nimtheachd dóibhsean, do dhaingníodar an túama, ar gcur comhartha ar an gloich, maille ré faire.

stone to the door of the sepulchre, and departed.

61 And there was Mary Magdalene, and the other Mary, sitting over against the sepulchre.

62 Now the next day, that followed the day of the preparation, the chief priests and Pharisees came together unto Pilate,

63 Saying, Sir, we remember that that deceiver said, while he was yet alive, **After three days I will rise again.**

64 Command therefore that the sepulchre be made sure until the third day, lest his disciples come by night, and steal him away, and say unto the people, He is risen from the dead: so the last error shall be worse than the first.

65 Pilate said unto them, Ye have a watch: go your way, make *it* as sure as ye can.

66 So they went, and made the sepulchre sure, sealing the stone, and setting a watch.

Caibidil 28

Eiseirghe Chríod, 19 le órdughadh an Bhaise, agus na Nabsdal.

1 Agus a ndeireadh na sábaide, an tan do shoillsigh an céud *lá* don tseachdmhuin, táinic Muire Mhagdalén agus an Mhuire eile, dféachain an túama.

2 Agus, féuch, do bhí crith mór talmhan ann: Oír ag tuirling daingeal an Tighearna a nús ó neamh, táinic sé, agus diomlait sé an chloch ón dorus, agus do shuigh sé uirthé.

3 Agus do bhí a ghnúis mar mar theinnteach, agus a éadach geal mar shneachda:

4 Agus do chriothnuigheadar an luchd coimhéada ar a eaglasan, agus do bhádar a riochd mhairbh.

5 Achd ar bhfreagra do naingeal a dubhairt sé ris na mnáibh, Ná bíodh eagla oruibhsi: oír atá a fhios agam, gur ab é Iósa do crochadh a tátháoi diarruigh.

6 Ní bhfuil sé ann so: oír do eirigh sé, mar a dubhairt sé, Tigidh, féachaidh a náit an a raibh an Tighearna na luighe.

7 Agus ar nimtheachd dáobh go lúath, innsidh dá dheisciobluibh gur éirigh sé ó mharbhuibh; agus, féuch, atá sé ag dul romhuibh don Ghalilé; do chífidhe ann sin e: féuch, a dubhairt misi ribh é.

1 In the end of the sabbath, as it began to dawn toward the first *day* of the week, came Mary Magdalene and the other Mary to see the sepulchre.

2 And, behold, there was a great earthquake: for the angel of the Lord descended from heaven, and came and rolled back the stone from the door, and sat upon it.

3 His countenance was like lightning, and his raiment white as snow:

4 And for fear of him the keepers did shake, and became as dead *men*.

5 And the angel answered and said unto the women, Fear not ye: for I know that ye seek Jesus, which was crucified.

6 He is not here: for he is risen, as he said. Come, see the place where the Lord lay.

7 And go quickly, and tell his disciples that he is risen from the dead; and, behold, he goeth before you into Galilee; there shall ye see him: lo, I have told you.

Chapter 28

8 Agus ar nimtheachd ón túama go deithneasach dhóibh maille ré heagla agus ré gáirdeachus mór; do riothadar dá fhoillsiughadh sin dá dheisciobluibhsion.

9 Agus an tan do imthigheadar do chum go bhfoillséochaidis sin dá dheisciobluibhsion, féuch, tárla Iósa orrthá, **ag rádh**, Día bhur bheathadh dháobh. Achd tangadarsan, agus rugadar ar a chosaibhsion, agus do onóruigheadar é.

10 A deir Iósa an tansin ríu, **Ná bíodh eagla oruibh, imthighidh beiridh sgénla chum mo dhearbhraithreach do chum go rachaidís don Ghalilé, agus do chífid misi ann sin.**

11 Agus ar nimtheachd dóibhsean, féuch, tangadar cuid don luchd faire don chathair, agus do innisidear dúachdaránuibh na sagart gach uile ní dá ndearnadhann.

12 Agus do chruinnigheadar a gceann a chéile maille ris na sinnsioruibh, agus ar ndéanamh comhairle dhóibh, tugadar mórán airgid do na saighdiúiribh.

13 Ag rádh, Abruidh, Tangadar a dheisciobuil annsa noidhche, agus do ghoideadar é an feadh do bhámuirne ar geodladh.

14 Agus má chluin an túachdarán an ní so, do bhéaruimne fa deara dhó, nach bía gúasachd ar bith oruibhsi.

15 Agus ar nghabháil an airgid dóibhsion, do rinneadar mar do múineadh dhoibh: agus aithrisdior an glorsa a measg na Níuduigheadh go soithe an lá a níugh.

16 Achd do imthigheadar an táoindeisciobail dég don Ghalilé chum sléibhe mar ar órduigh Iósa dhóibh.

17 Agus an tan do chonncadar é, do onóruigheadar é: achd do bhi amharus ag cuid *dióbh air*.

18 Agus ar dteachd Diosa do labhair sé ríu, ag rádh, **Thugadh dhamsa gach uile chumhachda ar a neamh agus ar talamh.**

19 **Ar a nadhbharsin imthighidhisi, teaguisgidh na huile chineadhacha, da mbaisdeadh a nainm a Nathar, agus an Mhic, agus an Spiorad Náóimh:**

20 **Agus teaguisgidh íad gach uile ní dár, aithín misi dhibh do choimhéud: agus, féuch, a táimsi bhur bhfochair gach éinla go deireadh an tsaoghail. Amen.**

8 And they departed quickly from the sepulchre with fear and great joy; and did run to bring his disciples word.

9 And as they went to tell his disciples, behold, Jesus met them, saying, **All hail.** And they came and held him by the feet, and worshipped him.

10 Then said Jesus unto them, **Be not afraid: go tell my brethren that they go into Galilee, and there shall they see me.**

11 Now when they were going, behold, some of the watch came into the city, and shewed unto the chief priests all the things that were done.

12 And when they were assembled with the elders, and had taken counsel, they gave large money unto the soldiers,

13 Saying, Say ye, His disciples came by night, and stole him *away* while we slept.

14 And if this come to the governor's ears, we will persuade him, and secure you.

15 So they took the money, and did as they were taught: and this saying is commonly reported among the Jews until this day.

16 Then the eleven disciples went away into Galilee, into a mountain where Jesus had appointed them.

17 And when they saw him, they worshipped him: but some doubted.

18 And Jesus came and spake unto them, saying, **All power is given unto me in heaven and in earth.**

19 **Go ye therefore, and teach all nations, baptizing them in the name of the Father, and of the Son, and of the Holy Ghost:**

20 **Teaching them to observe all things whatsoever I have commanded you: and, lo, I am with you alway, *even* unto the end of the world. Amen.**